



**SCÉIM TEANGA ÚDARÁIS ÁITIÚLA  
CHONTAE NA GAILLIMHE 2005 - 2008**



<i>Clár</i>	<i>Lth</i>
<i>Contae na Gaillimhe: Brollach agus Léargas</i>	2
<i>Cuid 1: An Scéim Teanga 2005-2008</i>	
1.1 Réiteach na Scéime Teanga	3
1.2 Ábhar agus Cuspóirí na Scéime Teanga	3
1.3 Dáta tosaigh na Scéime Teanga	5
1.4 Feidhmiú na Scéime Teanga	5
<i>Cuid 2: Soláthar Seirbhísí Ginearálta/Gníomhaíochtaí Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe.</i>	
2.1 Léargas ar Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe	6
2.2 Príomhghníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil	7
2.3 Struchtúr na Comhairle	9
2.4 Custaiméir agus Cliaint	10
2.5 Measúnú ar sheirbhísí reatha trí Ghaeilge	10
<i>Cuid 3: Bearta na Scéime</i>	
3.1 Bróisiúir/Bileoga Eolais	11
3.2 Cumarsáid Scríofa	11
3.3 Foirmeacha Iarratais	12
3.4 Preaseisiúintí agus Ráitis	12
3.5 Foilseacháin	13

<i>Clár</i>	<i>Lth</i>
3.6 Láithreán Gréasáin, Ar-Líne & Seirbhísí TF	13
3.7 Cumarsáid Teileafóin	14
3.8 Seirbhísí Cuntair	15
3.9 Cruinnithe Poiblí/Cruinnithe leis an bpobal	17
3.10 Comhairliúchán	18
3.11 Íomhá Chorparáideach, Comharthaí, Bearta Ginearálta	18
3.12 Polasaithe agus Tionscnaimh Nua	20
3.13 Seirbhísí a thugtar i gcrích thar ceann na Comhairle	20
3.14 An Ghaeltacht	21
<i>Cuid 4: Feidhmiú</i>	
4.1 Freagracht & Riarachán	23
4.2 Oiliúint	24
4.3 An Fhoireann	25
4.4 Earcú	26
<i>Cuid 5: Monatóireacht &amp; Athbhreithniú</i>	28
<i>Cuid 6: Poibliocht ar an Scéim Chomhaontaithe</i>	28
<i>Aguisíní</i>	
Aguisín 1 : Sliocht as Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003	29
Aguisín 2 : Plean Gníomhaíochta Custaiméirí	30
Aguisín 3 : Achoimre ar na hAighneachtaí a fuarthas	36



## Cuid 1: An Scéim Teanga 2005-2008

### 1.1 Réiteach na Scéime Teanga

Réitigh Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe an Scéim seo faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

San áireamh in Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe tá Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairlí Baile Bhéal Átha na Sluaighe, Bhaile Locha Riach agus Thuama. Baineann an Scéim seo leis na hÚdaráis ar fad atá luaite mura bhfuil a mhalairt luaite go sonrach in áit eile sa Scéim seo.

Forálann Alt 11, d'fhonn úsáid na Gaeilge a chur chun cinn chun críoch oifigiúil sa Stát, ar chomhlachtaí poiblí Scéim reachtúil a réiteach ina sonrú ar na seirbhísí a bheartaíonn an comhlacht poiblí a sholáthar

- Trí mheán na Gaeilge amháin,
- Trí mheán an Bhéarla amháin, agus
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon agus na bearta a bheartaíonn an comhlacht a ghlacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhísí nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

Réitíodh an Scéim seo de réir Treoirínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a d'eisigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i Meán Fómhair 2004.

D'fhoilsigh Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhair le Comhairlí Baile Bhéal Átha na Sluaighe, Bhaile Locha Riach agus Thuama, fógra, an 22 & 24 Deireadh Fómhair 2004, faoi Alt 13 ag cuardach aighneachtaí maidir le réiteach na dréachtScéime faoi Alt 11 ó aon pháirtithe leasmhara. Tá achoimre ar na haighneachtaí ar fad a rinneadh san áireamh in Aguisín 3. Réitíodh an Scéim ag cur na n-aighneachtaí cuí ar fad ó pháirtithe leasmhara san áireamh.

Cuireadh na haighneachtaí sin agus tuairimí agus moltaí na bainistíochta, na foirne, an Choiste Polasaí Straitéiseach Gnóthaí Corparáideacha agus Cultúrtha, Coiste Páirtíochta sa Láthair Oibre agus Comhaltaí Tofa na Comhairle Contae san áireamh i réiteach na Scéime. San áireamh freisin bhí seantaithí na mblianta ar éileamh ar sheirbhísí d'ard-chaighdeán trí Ghaeilge agus mianta an phobail ina leith seo. Tá an Chomhairle thar a bheith buíoch as tuairimí agus tacaíocht chuile dhuine agus eagraíocht a chuir an strus orthu féin a bheith rannpháirteach i réiteach an phlean seo.

### 1.2 Ábhar agus Cuspóirí na Scéime Teanga

Aithníonn an Comhairle gur féidir le daoine den phobal a dtuairimí agus riachtanais a léiriú níos fearr ina rogha teanga féin, agus gur dea-chleachtas seachas lamháltas atá ann ceadú don phobal a rogha teanga a úsáid, agus go bhféadfadh sé gur ag cothú míbhuntáiste don chustaiméir atá ann má diúltaítear an ceart dóibh a rogha teanga a úsáid. Le feidhmiú na Scéime seo tá an Chomhairle tiomanta de chultúr dátheangach a chothú nuair a bhíonn siad ag déileáil le custaiméirí agus a seirbhísí ar fad a sholáthar trí Ghaeilge ar bhealach céimiúil thar shraith Scéimeanna.

Is é bun-chuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus na Scéime seo ná soláthar níos mó de sheirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil ón tseirbhís phoiblí ar chaighdeán níos airde. Chuige seo, tá dúshlán mhóra curtha roimpi ag an gComhairle chun an slí neamhphleanáilte ina soláthraíonn an Chomhairle seirbhísí Gaeilge faoi láthair a athrú.

Deimhníonn agus tógann an Scéim seo ar na cuspóirí atá leagtha amach i bPolasaí Teanga na Comhairle ar glacadh leis i Mí Eanáir 2001. Féachann an Scéim freisin le tacaíocht a thabhairt dó agus tógáil ar na haidhmeanna agus gníomhaíochtaí cuí atá leagtha amach i *Straitéis Forbartha Eacnamaíochta, Shóisialta agus Chultúrtha do Chontae na Gaillimhe 2002 -2012*.

## Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe 2005 - 2008

Ní thiochfaidh aon rud atá sa Scéim seo salach ar aon Acht nó Ionstraim Reachtuil de chuid an Stáit ná aon Rialacháin a dhéantar faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Tagann an Scéim le Prionsabail na Seirbhísí Custaiméirí ar Ardchaighdeán agus Pleananna Gníomhaíochta Custaiméirí, agus tógann sí orthu. Tógann an scéim ar an méid seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge cheana féin, agus buanaíonn sí iad. Aithnítear na réimsí de na seirbhísí a sholáthraíonn Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe le feabhas a chur orthu i rith thréimhse ama agus/nó sraith de scéimeanna.

Curtha san áireamh freisin tá próiseas dlíraithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus na leibhéil éilimh agus comhthéacs éagsúla ina bhfeidhmíonn na hOifigí Ceantair. Tá fócas dírithe ar na hoifigí a sholáthraíonn seirbhísí chuig ceantair Ghaeltachta agus tá an Chomhairle tiomanta do sheirbhísí a neartú agus a mhéadú in Oifigí na Ceathrún Rua mar atá leagtha síos sa Phlean Corparáideach 2005-2009.

Aithníonn an Comhairle freisin an éilimh atá ar sheirbhísí d'ard chaighdeán trí Ghaeilge atá ag pobail labhartha Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht, Gaelscoileanna, scoileanna Gaeilge, eagrais Ghaeilge agus lucht labhartha na Gaeilge atá breactha ar fud an Chontae.

Áirítear sa Scéim freisin tiomantas measúnú agus spreagadh a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar an éileamh a bheidh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus chun a chinntiú go leanfaidh an Chomhairle de bheith ag freastal ar an éileamh sin ar bhealach pleanáilte, comhleanúnach agus inrochtaine. Is trí iniúchtaí rialta agus tráthúla a dhéanamh trí chóras comhairimh/tomhais ar an leibhéal fiosruithe/iarrataí trí Ghaeilge thar thréimhse áirithe a dhéanfar an measúnú ar éilimh. Is trí phoiblíocht agus léiriú ar iontaofacht na seirbhísí nua a sholáthraítear trí Ghaeilge ag tráthanna éagsúla a dhéanfar an t-éileamh sna seirbhísí a spreagadh.

Chuidigh ionadaithe ó na sé aonad feidhme de chuid na Comhairle an scéim a dhréachtadh.

### 1.2.1 Léiriú/Léirmhíniú

Sa Scéim seo, ach amháin mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt–

“Acht” - ciallaíonn sé seo Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003;

“Teanga” - ciallaíonn sé seo “na teangacha oifigiúla” a chiallaíonn an Ghaeilge (ós í an teanga Náisiúnta agus an phríomhtheanga oifigiúil í) agus an Bhéarla (ós teanga oifigiúil eile é) mar a shonraítear in Airteagal 8 den Bhunreacht;

“Seirbhís” - ciallaíonn sé seo seirbhís arna tairiscint nó arna soláthar (cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach) ag an gComhairle don phobal i gcoitinne nó d’aicme den phobal i gcoitinne;

“Comhairle” - ciallaíonn sé seo Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe ina bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairlí Baile Bhéal Átha na Sluaighe, Bhaile Locha Riach agus Thuama agus a struchtúir ar fad san áireamh;

“Scéim” - ciallaíonn sé seo Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe 2005-2008 faoi Alt 11 den Acht mar atá daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi Alt 14 den Acht;

“Gaeltacht” - ciallaíonn sé seo limistéar a mbeifear cinnte de thuras na huair le hordú arna dhéanamh faoi alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 1956 gur limistéar Gaeltachta é;

“Logainm” - foláíonn sé seo ainm aon chúige, contae, cathrach, baile, sráidbhaile, barúntachta, paróiste nó baile fearainn, nó ainm aon ghné tíre (nádúrtha nó saorga), dúiche, limistéir nó áite, mar a thaispeántar ar léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann.

### 1.3 Dáta Tosaigh na Scéime

Tá an scéim seo comhaontaithe agus deimhnithe idir Bainisteoir Chontae na Gaillimhe agus an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá tús feidhmeach ag an scéim le héifeacht ón 23 Lúnasa 2005 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhua Alt 15 den Acht, cibé acu is tuisce.

### 1.4 Feidhmiú na Scéime Teanga

Tá faomhadh iomlán Fhoireann Bainistíochta na Comhairle ag an Scéim seo. Is é an Bainisteoir Contae a bheidh freagrach as feidhmiú, monatóireacht agus athbhreithniú foriomlán na Scéime seo. Beidh Stiúrthóirí Seirbhísí agus gráid ar aon dul leo freagrach as cur i bhfeidhm na Scéime laistigh dá Stiúrthóireacht/Rannóga féin agus do thuairisciú ar dhul chun cinn an fheidhmiúcháin ar a laghad go bliantúil nó chuile 6 mhí más gá. Beidh sé riachtanach go réiteoidh gach Stiúrthóireacht/Rannóg Plean Gníomhaíochta, nó go gcuirfidh siad san áireamh ina bpleananna gníomhaíochta bliantúla sonraí de na gníomhaíochtaí atá riachtanach chun a chinntiú go bhfuiltear ag cur i bhfeidhm riachtanais na Scéime chomh maith le spriodhataí a bheidh ceangailte leis na spriodhataí atá leagtha amach sa Scéim seo. Is féidir Oifigeach Sinsearach i ngach Stiúrthóireacht/Rannóg a

ainmniú chun freagracht bhainistíochta a ghlacadh ar fheidhmiú na Scéime laistigh de Stiúrthóireacht/Rannóg. Ainmneofar Oifigeach Sinsearach laistigh den Aonad Gnóthaí Corparáideacha agus Cultúrtha chun comhordú a dhéanamh ar fheidhmiú corparáideach na Scéime don eagraíocht ina hiomláine agus chun dul chun cinn na Comhairle i gcur i gcrích riachtanais na Scéime a mheas agus a thuairisciú chuig an gComhairle (tríd an tuarascáil bhliantúil nó a mhacasamhail de mhodh cuí eile) agus más gá don Choimisinéir Teanga freisin. Beidh an Stiúrthóir Seirbhísí atá freagrach as Comhairle Baile freagrach as cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú na Scéime seo sa Chomhairle Baile sin.

Baineann an Scéim seo le hoifigí, seirbhísí agus ionaid seachadta seirbhísí na Comhairle ina hiomláine – m.sh. Áras an Chontae, Comhairlí Baile, Oifigí Ceantair ar fad, Leabharlanna, Stáisiúin Dóiteáin &c.

## *Cuid 2: Soláthar Seirbhísí Ginearálta/Gníomhaíochtaí Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe*

### *2.1 Léargas ar Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe*

De réir an Achta Rialtais Áitiúil 2001, is bunchuspóir de chuid an Údaráis Áitiúil é fóram a chuir ar fáil d'ionadaíocht dhaonlathach an phobail áitiúil agus chun ceannaireacht cathartha a chuir ar fáil don phobal. Chomh maith leis sin tá an cúram ar an Údarás Áitiúil réimse seirbhísí agus feidhme rialaithe agus smachtaithe a sholáthar don phobal. San áireamh sna cúraim tá pleanáil, dearadh agus tógáil áiseanna tábhachtacha infrastruchtúir. Is í coimeádaí na timpeallachta í agus féachann sí le forbairt inmharthana an Chontae a chur chun cinn trína polasaithe fad is a chuireann sí lena féiniúlacht gnó, eacnamaíoch, sóisialta, ealaíne, oidhreachta agus cultúrtha.

De réir chóras rialtas áitiúil na hÉireann, a chuimsíonn ionadaíocht dhaonlathach agus riarachán poiblí araon, tá ról ionadaíochta agus ról reachtaíochta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus í ag feidhmiú mar údarás áitiúil. Déanann tríocha ionadaí as 5 thoghcheantar ról ionadaíochta an údaráis a chur i gcrích trí chóras

feidhmithe coinnithe áit a leagann siad amach an creatlach do pholasaí faoina bhfeidhmíonn an Fhoireann Bainistíochta. Déanann Grúpa Polasaí Corparáideach agus cúig Choiste Polasaí Straitéiseach polasaithe a chur le chéile agus a aontú. Tá na CPS déanta suas de chomhairleoirí tofa agus ionadaithe deonacha / eárnálacha a dhéanann athbhreithniú ar agus a leagann síos polasaithe do réimse feidhmeanna na Comhairle. Gníomhaíonn Foireann Bhainistíochta, atá déanta suas de Stiúrthóirí Seirbhísí, Gníomhaire Dlí, Ceannasaí Airgeadais agus Bainisteoir Contae le héifeacht fheidhmeach.

#### *Comhairle Baile Bhéal Átha na Sluaigne*

Is ceantar feidhmeach reachtúil ann féin é Béal Átha na Sluaigne agus is Údarás Bardais é an Comhairle Baile le fréamhacha a théann siar chomh fada le 1841. Le blianta anuas tá an bhunchloch leagtha ag an gComhairle d'fhorbairt Bhéal Átha na Sluaigne trí na seirbhísí agus an infrastruchtúr riachtanach a chur ar fáil. Tá 9 gcomhalta tofa ag an gComhairle Baile agus cuireann an Chomhairle feidhmeanna tábhachtacha ionadaíochta i bhfeidhm agus léiríonn tuairimí a gceantair maidir le polasaí agus ábhair fheidhmeacha.

Chomh maith le seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil ar nós uisce, séarachas, soilsiú poiblí, glanadh sráide, tithíocht shóisialta, rialú forbartha agus pleanáil fhisiciúil, tá an Chomhairle páirteach i réimse leathan gníomhaíochtaí eile cosúil le soláthar agus cothabháil áiseanna taitneamhachta agus fóillíochta, trádáil sráide, Aonach Dheireadh Fómhair agus Comórtas na mBailte Slachtmhara. Tá 9 n-ionadaí tofa sa gComhairle agus cuirtear feidhmiú laethúil na heagraíochta i gcrích faoi stiúir Chléireach an Bhaile.

#### *Comhairlí Baile Bhaile Locha Riach & Thuama*

Gníomhaíonn struchtúir ionadaíochta agus déanamh polasaí Chomhairle Baile i gComhairlí Baile Bhaile Locha Riach & Thuama. Tá 9 gcomhalta tofa i ngach Comhairle Baile. Ní údaráis fheidhmeacha neamhspleácha iontu féin iad Comhairlí Baile Bhaile Locha Riach & Thuama ach cuireann siad feidhmeanna thábhachtach ionadaíochta i bhfeidhm agus léiríonn tuairimí a gceantair maidir le polasaí agus ábhair fheidhmeacha. Is ionaid thábhachtacha soláthair seirbhísí don Chomhairle iad na Comhairlí Baile ina mbailte féin.

Is é ráiteas misin na Comhairle ná:

**Chun seirbhísí údaráis áitiúil cuimsitheacha a sholáthar do Chontae na Gaillimhe trí chinnireacht cathartha éifeachtach agus ionadaíocht dhaonlathach**



## 2.2 *Príomhghníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil*

Tá freagracht ag 6 Stiúrthóireacht agus Aonad Airgeadais as réimse de sheirbhísí arna seachadadh ag an údarás áitiúil a sholáthar.

### **AONAD SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA**

Is é cuspóir an Aonaid Tithíochta ná cóiríocht fheiliúnach tithíochta a sholáthar agus seirbhís tithíochta thacúil a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil cúnaimh de dhíth orthu. Déanann an tAonad iarracht a chur ar chumas líon tí cáilithe áitreabh socheannaithe de cháilíocht mhaith a fháil, a bhíonn feiliúnach dá riachtanais, i dtimpeallacht mhaith agus chomh fada agus is féidir ina rgha modh sealbhaíochta.

### **Príomh-Ghníomhaíochtaí**

- Soláthar agus cothú tithíochta údaráis áitiúil.
- Seachadadh tionscnaimh bhainistiú eastát.
- Soláthar cóiríochta don Lucht siúil.
- Feidhmiú Scéimeanna ceannaigh tionóntaí agus úinéireacht roinnte.
- Cothabháil ar thithíocht údaráis áitiúil.
- Soláthar tithíochta socheannaithe.
- Tithíocht fhormheasta dheonach nó gan brabús a áisiú.
- Caighdeáin tithíochta d'áitribh phríobháideacha ar cíos a chur i bhfeidhm.
- Soláthar Scéimeanna do Dhaoine le míchumas agus deontais do chóiriúcháin riachtanacha.
- Riarann an tAonad Tithíochta an tAcht um Rialú Capall, 1996 freisin.

### **AONAD BÓITHRE AGUS IOMPAIR**

Tá an tAonad Bóithre & Iompair freagrach as dearadh, cothú agus feabhsúchán líonra Bóithre Náisiúnta agus neamh-náisiúnta ar fud an Chontae. Déileálann sé freisin le hábhair a bhaineann le bonneagar Mara, Sábháilteacht ar Bhóithre, Sláinte agus Sábháilteacht agus Draenáil Airtéireach. Cuspóir an Aonaid ná bóithre, cuanta agus céanna sábháilte agus éifeachtach a sholáthar do ghluaiseacht daoine agus earraí, laistigh de pholasaithe iompair comhtháite agus inmharthana. Tá formhór d'oifigí ceantair na Comhairle faoi chúram an aonaid seo freisin.

### **Príomh-Ghníomhaíochtaí**

- Soláthar, cothú agus caomhnú líonra bóithre.
- Sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn sa phobal.
- Pleananna bainistiú tráchta a chur i bhfeidhm.
- Bainistiú ar Scéimeanna Fostaíochta agus Rannpháirtíocht Phobail.
- Soilsiú poiblí a sholáthar.
- Cuanta agus céanna i gcúram Comhairle Chontae na Gaillimhe a chothú.
- Clár oibreacha na gcéanna beaga a chur i bhfeidhm agus a dhearadh.
- Bainistiú ar oibreacha chreimeadh cósta.

### **AONAD PLEANÁLA & FORBARTHA EACNAMAÍOCH**

Riarann an tAonad Pleanála feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Pleanáil & Forbairt 2000, agus faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001. Tá sé d'aidhm acu céimeanna a sholáthar a chuirfeadh le timpeallacht fhisiciúil agus eacnamaíoch atá struchtúrtha agus bainistithe go maith laistigh den Chontae agus tacú leo, sa chaoi go mbeidh caighdeáin mhaireachtála ardaithe agus go mbeadh deiseanna oibre cothaithe agus cruthaithe agus prionsabail inmharthanachta san áireamh. Tá cosaint agus caomhnú oidhrecht chultúrtha agus teanga na Gaeltachta tríd an gcóras pleanála mar chúram ar an Aonad seo chomh maith.

### **Príomh-Ghníomhaíochtaí**

- Úsáid talún, pleanáil agus rialú ar chaighdeáin tógála agus forbairt neamhúdaraithe.
- Pleananna forbartha an Chontae agus an cheantair a réiteach agus a chur i bhfeidhm.
- Forbairt thionsclaíochta, thráchtála agus eile a chur chun cinn.
- Forbairt Réigiúnach, baile, sráidbhaile agus tuaithe.
- Forbairt Turasoíreachta, eacnamaíoch agus tionsclaíochta.
- Cosaint, caomhnú agus feacht oidhreachta (feacht, bainistiú agus cosaint).
- Tionscnaimh phleanála pobail.

### AONAD SEIRBHÍSÍ TIMPEALLACHTA AGUS UISCE

Is sainordú lárnach ag an Aonad Comhshaoil agus Seirbhísí Uisce comhshaoil glan, sláintiúil a sholáthar a chuirfeadh forbairt inmharthana chun cinn agus a dhéanfadh é a áisiú. Tá ról daingean láidir ag an Aonad maidir le bainistiú dramhaíola agus cosaint timpeallachta. Chomh maith le monatóireacht agus cosaint a dhéanamh ar chomhshaoil nádúrtha agus tógtha, tá céimeanna sábháilteachta dóiteáin i bhfeidhm. Is í an Chomhairle an tÚdarás Dóiteáin don Chontae go léir, an chathair san áireamh.

#### Príomh-Ghníomhaíochtaí

- Cosaint uiscí nádúrtha.
- Seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar agus a fheidhmiú.
- Polasaí praghsála uisce rialtais a fheidhmiú.
- Bainistiú dramhaíola a phleanáil.
- Oideachas feasachta comhshaoil a sholáthar.
- Céimeanna rialú bruscair a fheidhmiú.
- An timpeallacht a chosaint.
- Sábháilteacht struchtúr agus áiteanna a chinntiú.
- Reiligí a sholáthar agus a chothú.
- Seirbhísí dóiteáin agus tarrthála a sholáthar.

### AONAD GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA & CULTÚRTHA

Tá réimse leathan de sheirbhísí ó Ghnóthaí Corparáideacha go Teicneolaíocht Faisnéise agus Mótarcháin, seirbhísí dlí agus bainistiú Acmhainní Daonna san áireamh leis an Aonad Gnóthaí Corparáideacha & Cultúrtha. Cuireann an tAonad seirbhísí díreacha ar fáil don phobal i réimsí siamsaíochta agus áiseanna agus cuirtear scéimeanna éagsúla deontais agus seirbhísí tacaíochta ar fáil don Chomhairle trí rúnaíocht chorparáideach. Tá cur chun cinn agus forbairt na Gaeilge laistigh den Údarás Áitiúil agus sa Chontae mar chúram ar an Aonad seo.

#### Príomh-Ghníomhaíochtaí

- Seirbhís rúnaíochta don Bhainistíocht agus don Chomhairle mar fhoras Corparáideach.
- Íomhá dhearfach chorparáideach a chur chun cinn.
- Réimse seirbhísí ilghnéitheacha lena n-áirítear soláthar cóiríochta oifige, deontais ardoideachais, seirbhís tréidliachta agus clárú toghthóirí a riaradh.
- Réimse siamsaíochta, áiseanna imeartha agus fóillíochta a sholáthar.
- Foireann atá forbartha go gairmiúil chun dul i ngleic le riachtanais eagraíochta agus phoiblí a sholáthar agus a chaomhnú.
- Seirbhísí mótarchánach a sheachadadh.
- Seirbhísí dlíthiúla inmheánacha a sholáthar.
- Tacaíocht agus forbairt ar theicneolaíocht faisnéise chaighdeánach inmheánach a sholáthar.
- Seirbhísí leabharlainne a fhorbairt.
- Rochtain a chur ar fáil don phobal chomh fada agus is féidir chuig taifid na Comhairle.
- Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur i bhfeidhm agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn san eagraíocht.

### AONAD POBAIL & FIONTAIR

Éascaíonn an tAonad Pobail & Fiontair obair Bhord Forbartha an Chontae agus cuireann i bhfeidhm cuspoirí atá sa Straitéis Eacnamaíoch, Shóisialach agus Chultúrtha 10 mbliana. Tá príomhról ag an Aonad maidir le tacú le forbairt agus idirghníomhaíocht phobail idir na seirbhísí pobail agus údaráis áitiúla.

#### Príomh-Ghníomhaíochtaí

- Bord Forbartha Chontae na Gaillimhe a éascú.
- Straitéis Bhord Forbartha an Chontae a fheidhmiú agus a chomhordú.
- Tograí straitéiseacha a bhainistiú i réimsí forbairt pobail, uilechuimsitheacht shóisialach, agus forbairt bhonneagar fiontair.
- Tabhairt faoi thaighde socheacnamaíoch agus tacaíocht d'fhorbairt straitéisí agus polasaithe údaráis áitiúla a sholáthar.
- Cláir RAPID agus CLÁR a chur i bhfeidhm
- Tacú le fóraim phobail, agus iad a éascú, i bpleanáil straitéiseach.
- Riaradh a dhéanamh ar scéimeanna deontais pobail éagsúla.
- Seirbhís Ealaíon an Chontae a éascú.
- Eolas faoi mhaoiniú Eorpach a scaipeadh ag leibhéal an Chontae.

## AONAD AIRGEADAIS

Tá sé mar fheidhm ag an Rannóg Airgeadais cinntiú go bhfuil na hidirbhearta airgeadais go léir déanta ar bhealach freagrach agus inaistrithe agus córais a chur i bhfeidhm le haghaidh oibriú éifeachtach acmhainní airgeadais na Comhairle. Tá impleachtaí airgeadais ag gníomhaíochtaí uile na Comhairle agus is í feidhm lárnach na Rannóige Airgeadais ná bainistiú airgead na Comhairle.

### Príomh-Ghníomhaíochtaí

- Próiseáil ar íocaíochtaí tuarastail agus íocaíochtaí creidiúnaithe maidir le hearraí agus seirbhísí a sholáthar chuig an gComhairle.
- Bainistiú ar aistrithe ioncaim lena n-áirítear cuntais iasachtaí tithíochta agus táillí uisce.
- Feidhmiú ar Chóras Luachála agus bailiú rátaí Contae iníochta.
- Measúnú ar chórais rialaithe inmheánaigh rannóga uile na Comhairle lena n-áirítear idirbhearta airgeadais agus fiúntas airgead agus iniúchadh éifeachtachta.
- Oibriúcháin bainteach le glacadh buiséad bliantúil ag an gComhairle, cur i gcrích cuntais reachtúla bhliantúla agus bainistiú ciste.
- Comhordú ar Fhoireann Bhainistiú Baoil, sreabhadh airgid agus bainistiú infheistíochta.

## 2.3 *Struchtúr na Comhairle*

Tá príomhoifigí na Comhairle lonnaithe in Áras an Chontae agus in Eastát Tionsclaíoch Leasa Bháin i gCathair na Gaillimhe.

Tá 12 oifig ceantair lonnaithe sa 5 thoghcheantar a chomhdhéanann an Contae. Tá na hoifigí sin lonnaithe sna láithreacha seo a leanas: An Clochán, An Cheathrú Rua, Béal Átha na Sluaighe, Uachtar Ard, Órán Mór, Baile Átha an Rí, Baile Locha Riach, An Gort, Port Omna, An Creagán, Tuaim, Baile an Mhuilinn. Ar ndóigh tá na hoifigí ar an gCeathrú Rua lonnaithe i gceantar Gaeltachta agus tá ceantar Gaeltachta ina limistéar feidhme ag an oifig sin agus ag oifigí Uachtar Ard agus Óráin Mhóir.

Síneann gréasán na mbrainsí leabharlainne chuig 25 láthair siad sin An Cheathrú Rua, An Spidéal, Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, Béal Átha an Ghartha, An Clochán, An Dún Mór, Dún an Uchta, Gleann na Madadh, An Gort, Inis Bó Finne, Inis Meáin, Inis Oírr, Cill Íomair, Cill Rónáin, Baile Locha Riach, Maigh Locha, Órán Mór, Uachtar Ard, Port Omna, Cloch na Rón, Tír an Fhia, Tuaim, Iarthar Chathair na Gaillimhe, An Ghráig. Tá ceanncheathrú agus brainse Chathair na Gaillimhe freagrach as na seirbhísí leabharlainne agus tá sé lonnaithe i gCathair na Gaillimhe. Tá brainsí leabharlainne na Ceathrún Rua, An Spidéal, Inis Meáin, Inis Oírr, Cill Rónáin,

Cloch na Rón agus Tír an Fhia lonnaithe i gceantar Ghaeltachta agus tá réimsí fhorleathana Gaeltachta ina limistéar feidhme ag leabharlanna Uachtar Ard, An Clochán, agus Órán Mór.

Tá Stáisiúin Dóiteáin lonnaithe go straitéiseach i 10 gceantar ar fud an Chontae. Siad sin Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, An Clochán, Cathair na Gaillimhe, An Gort, Inis Mór, Baile Locha Riach, An Creagán, Port Omna agus Tuaim. Soláthraíonn na stáisiúin dóiteáin sa Chlochán, i gCathair na Gaillimhe agus in Inis Mór seirbhís do cheantair Ghaeltachta.

Tá thartair 1,400 d'fhoireann fostaithe ag an gComhairle le foireann oifige agus foireann taobh amuigh san áireamh. Tá suas le 59 den fhoireann seo lonnaithe in oifigí ceantair agus suas le 62 sna seirbhísí leabharlainne. Tá foireann de 32 i gComhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe agus tá Comhairlí Baile Thuama agus Bhaile Locha Riach á riaradh ag Cléirigh Baile.

## 2.4 Custaiméirí agus Cliaint

- Pobal iomlán Chontae na Gaillimhe;
- Ranna Rialtais;
- Gníomhaireachtaí Stáit;
- Údaráis Réigiúnacha agus Áitiúla eile;
- Struchtúir Bhord Forbartha Chontae na Gaillimhe;
- Comhaltaí Tofa;
- Foireann na Comhairle;
- Earnálacha Deonacha agus Gnó;
- Na Meáin Náisiúnta agus Áitiúla;
- Comharchumainn, Comhairlí agus Grúpaí Pobail;
- Eagraíochtaí AE;
- Fóraim Pobail;
- Comhlachtaí CLÁR & LEADER;
- Comhpháirtithe Sóisialta agus grúpaí ionadaíochá Earnálacha.

## 2.5 Measúnú ar sheirbhísí reatha trí Ghaeilge

Ó tharla nach bhfuil aon straitéis phleanáilte do sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge ann faoi láthair, tá patrún scaipthe de chainteoirí Gaeilge laistigh d'Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe. Dá bhrí sin tá patrún scaipthe de sheirbhísí ar fáil trí Ghaeilge. Tá na seirbhísí sainiúla seo a leanas ar fáil go hiomlán trí Ghaeilge agus tá siad ar fáil trí Bhéarla freisin má bhíonn a leithéid ag teastáil/á lorg.

- Oifigeach Forbartha na Gaeilge;
- Seirbhísí Feasachta Timpeallachta;
- Bailiú Ioncaim i gConamara;
- Seirbhísí Mótarchánach ar An gCeathrú Rua;
- Seirbhísí Sábháilteachta ar Bhóithre;
- Seirbhísí Innealtóireachta Timpeallachta Sinsearach;
- Idirchaidreamh Tithíochta i gConamara;
- Seirbhísí Tithíochta ag leibhéal Bainistíochta;
- Seirbhísí Innealtóireachta Pleanála Sinsearach;
- Seirbhísí Leabharlainne sa Spidéal, An Cheathrú Rua, Thír an Fhia, Inis Mór, Inis Meáin & Inis Oírr;
- Seirbhísí Forbartha Pobail i gConamara.

Tá na seirbhísí sainiúla seo leanas ar fáil go dátheangach.

- Seirbhísí Leabharlainne in Iarthar na Cathrach, Béal Átha na Sluaighe & Ceanncheathrú na Leabharlainne;
- Áisiú Coistí Toghcheantair Chonamara;
- Áisiú Coistí Oileáin;
- Cruinnithe le hEagraíochtaí/Gníomhaireachtaí Gaeilge;
- Oifigí Oidhreachta & Ealaíne;
- Cruinnithe agus Cuntair Phoiblí Pleanála;
- Seirbhísí Mótarchánach in Áras an Chontae;
- Cuntair Poiblí Tithíochta in Áras an Chontae;
- Cuntair Poiblí Bóithre in Áras an Chontae;
- Seirbhísí Dóiteáin i gConamara & Oileáin Árann.

Tá ar chumas na Comhairle na seirbhísí thuas agus formhór sheirbhísí eile na Comhairle a sholáthar go dátheangach go pointe áirithe má lorgaítear a leithéid. É sin ráite is ar bhunús ad hoc atá sé agus níl aon chinnteacht maidir le infhaighteacht ag baint leo. Tá an chuid is mó d'fhoirmeacha iarratais na Comhairle do sheirbhísí éagsúla ar fáil go dátheangach faoi láthair agus forálann cuid shuntasach díobh den chaoi a dtosaítear agus a seachadtar seirbhísí.

## Cuid 3: Bearta na Scéime

### 3.1 Bróisiúir/Bileoga Eolais

GNÍOMH	SPRIODHÁTA	
3.1.1	Beidh gach bróisiúir agus bileog eolais nua a tháirgeann an Chomhairle ar fáil i nGaeilge amháin nó go dátheangach san aon doiciméad amháin agus stádas comhionann tugtha don dá theanga.	1 Márta 2006
3.1.2	Beidh na bróisiúir agus na bileoga eolais atá táirgthe ag an gComhairle cheana féin go hiomlán dátheangach nuair a dhéanfar an stoc a athnuachan. In aon chás, beidh gach bróisiúir agus bileog eolais a tháirgeann an Chomhairle ar fáil go hiomlán dátheangach faoi dheireadh na Scéime.	Faoi dheireadh na Scéime seo
3.1.3	Féadfaidh bróisiúir nó bileoga eolais a bheith i mBéarla amháin más rud é go mbaineann siad le tionscnamh atá sonrath don Bhéarla. (m.sh. grúpa drámaíochta/scribhneoirí Béarla etc.)	–
3.1.4	Maidir le bróisiúir agus bileoga eolais a bhíonn in úsáid ag an gComhairle nó a bhíonn á soláthar ag an gComhairle, agus ar comhlacht eile seachas an Chomhairle a eisíonn iad, déanfar leaganacha i nGaeilge amháin agus leaganacha dátheangacha a iarraidh go gníomhach.	Leanúnach
3.1.5	I gcás go gcuirtear bróisiúir agus bileoga eolais arna n-eisiúint ag comhlachtaí eile ar fáil ar leithligh sa dá theanga, beidh siad ar fáil go comhionann agus scaipfear in éineacht sa phost iad nó thar an gcuntar mura mbíonn rogha teanga tugtha.	Tús na Scéime

### 3.2 Cumarsáid Scríofa

GNÍOMH	SPRIODHÁTA	
3.2.1	Fáilteoidh an Chomhairle roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.	Leanúnach
3.2.2	Tabharfar admháil (i gcás go mbíonn gá leis) ar chomhfhreagras a gheobhaidh an Chomhairle i dteanga na litreach bunaidh. Má bhíonn gá le comhfhreagras breise leanfar de sa teanga chéanna.	I bhfeidhm faoi láthair
3.2.3	Ní bheidh aon mhoill mhíchuí le comhfhreagras a dhéanamh leis an gComhairle trí Ghaeilge. Tabharfar freagra ar gach comhfhreagras laistigh den spriocthréimhse atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí.	Ar Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí a ghlacadh
3.2.4	Beidh gach comhfhreagras tar éis comhrá Gaeilge teileafóin nó duine le duine i nGaeilge mura léiríonn an duine den phobal a mhalairt.	1 Bealtaine 2006
3.2.5	Is i nGaeilge a bheidh aon chomhfhreagras a eascraíonn as cruinniú/comhrá teileafóin ina ndearbhaítear gurb í an Ghaeilge rogha teanga an chustaiméara, cé go bhféadfadh sé nár tionóladh an cruinniú/comhrá teileafóin trí mheán na Gaeilge.	1 Bealtaine 2006
3.2.6	I gcás gur fios go mbaineann duine aonair, grúpa, scoil, Gaelscoil nó eagraíocht úsáid de ghnáth as an nGaeilge nó gur fearr leo sin a dhéanamh tionscnóidh an Chomhairle comhfhreagras sa teanga sin.	Meán Fómhair 2006
3.2.7	Beidh comhfhreagras a thionscnaíonn an Chomhairle leis an bpobal i gceantar Gaeltachta i nGaeilge de ghnáth nó d'fhéadfadh sé a bheith dátheangach má iarrtar sin nó má mheastar gur gá sin a dhéanamh.	Bealtaine 2007
3.2.8	I rith seirbhísí ó lá go lá, eiseofar ciorcláin agus litreacha caighdeánacha don phobal go dátheangach.	Bealtaine 2007

## Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe 2005 - 2008

3.2.9	Beidh ráiteas caighdeánach ar pháipéar sainchlóite na Comhairle, ar bhileoga dea-mhéine, i bhfógraíochtaí, i séanadh ríomhphoist, ar láithreáin ghréasáin etc. ag lua go bhfáiltítear roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.	Fógraíochtaí Ean. 06 Stáiseanóireacht nuair a ídeofar an stoc atá cheana ann
3.2.10	Cruthófar bunachar sonraí agus clár de dhaoine aonair, de ghrúpaí, de scoileanna, de ghaelscoileanna agus d'eagraíochtaí a bhfuil a fhios gur fearr leo cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge, bíodh sin i bhfoirm liostaí teagmhála d'úsáid na n-oifigeach aonair nó trí thagairtí níos leithne d'úsáid na nAonad seirbhíse.	Saolré na Scéime seo & Leanúnach
3.2.11	Beidh na prionsabail thuas i bhfeidhm nuair a dhéanfar comhfhreagras go leictreonach. Leanfaidh aon séanadh a bheidh i ríomhphoist na Comhairle de bheith dátheangach, faoi mar atá faoi láthair.	Saolré na Scéime seo

### 3.3 Foirmeacha Iarratais

GNÍOMH	SPRIOC DHÁTA	
3.3.1	Beidh gach foirm iarratais agus an t-ábhar mínithe atá ag gabháil leo a fhoilsíonn an Chomhairle féin i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla in aon doiciméad amháin.	Bealtaine 2007
3.3.2	Féadfaidh foirmeacha iarratais a bheith i 'mBéarla amháin' má bhaineann siad le tionscnamh atá sonrach don Bhéarla. (m.sh. drámaíocht/grúpa scríbhneoirí Béarla etc.)	–
3.3.3	I gcásanna eisceachtúla mura mbíonn 3.3.1 praiticiúil mar gheall ar theicniúlacht nó méid na ndoiciméad, féadfar leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leithligh a chur ar fáil. Beidh fáil orthu go comhuaineach agus tabharfar tábhacht chomhionann don dá leagan.	–
3.3.4	I gcásanna eisceachtúla nuair a bhíonn foirmeacha clóbhualte i leagan ar leithligh do gach teanga beidh teachtaireacht ann a dheimhneoidh go bhfuil an fhoirm ar fáil sa teanga eile.	Saolré na Scéime seo
3.3.5	I gcás foirmeacha iarratais a bhíonn in úsáid ag an gComhairle nó a sholáthraíonn sí, arna n-eisiúint ag comhlacht eile seachas an Chomhairle, leanfar d'fhoirmeacha i nGaeilge amháin nó foirmeacha dátheangacha a lorg go gníomhach.	Leanúnach
3.3.6	I gcás go gcuirtear foirmeacha iarratais arna n-eisiúint ó chomhlacht eile ar fáil ar leithligh sa dá theanga, beidh fáil chomhionann ar na foirmeacha agus scaipfead in éineacht sa phost nó thar an gcuntar iad, mura mbíonn rogha teanga an chustaiméir déanta amach.	Márta 2006
3.3.7	Déanfaidh an Chomhairle gach dícheall a chinntiú go mbíonn an Ghaeilge a bhíonn in úsáid i bhfoirmeacha inléite agus éasca le tuiscint agus fós aird á thabhairt ar chruinneas maidir le litriú caighdeánach agus ar ghramadach.	Leanúnach
3.3.8	Beidh ráiteas soiléir ar gach foirm iarratais dátheangach ag fáiltiú an fhoirm a líonadh i nGaeilge.	–

### 3.4 Preaseisiúintí agus Ráitis

GNÍOMH	SPRIOC DHÁTA	
3.4.1	Beidh an Ghaeilge agus an Scéim seo go hiomlán san áireamh in aon pholasaí Cumarsáide a ullmhóidh an Chomhairle.	Le linn ullmhú an pholasáí
3.4.2	Eiseofar gach preaseisiúint agus ráiteas ginearálta do dátheangach.	Saolré na Scéime seo
3.4.3	Déanfar gach preaseisiúint a bhaineann leis an nGaeilge nó le hábhair Ghaeltachta a eisiúint go dátheangach.	Tús na Scéime
3.4.4	Cinntoidh an Chomhairle go mbeidh fáil ar líon dóthanach urlabhraithe a bhfuil Gaeilge acu, le húdarás dóthanach, chun agallaimh a dhéanamh ar aon cheist Comhairle nuair a bhíonn gá leis.	Ar bhonn céimnithe laistigh de shaolré na Scéime

3.4.5	Cinnteoídh an Chomhairle nuair a thugtar ainmneacha teagmhála do thuilleadh eolais ar phreaseisiúintí/ráitis go mbeidh fáil ar oifigeach chun an t-eolas a thabhairt i nGaeilge nó i mBéarla.	Ar bhonn céimnithe laistigh de shaolré na Scéime
3.4.6	I gcás go n-iarrann daoine den phreas nó de na meáin go sonrath é, féadfar eisiúintí agus ráitis a chur amach sa teanga is rogha leo.	Ar bhonn céimnithe go dtí Bealtaine 2007

### 3.5. Foilseacháin

GNÍOMH		SPRIODHÁTA
3.5.1	Beidh foilseacháin dhátheangacha uile na Comhairle laistigh den chluédach céanna de réir an tsárchleachtais. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh méid an doiciméid cosc a chur ar an gcleachtas sin.	Eanáir 2006
3.5.2	I gcás go mbíonn foilseachán le cur ar fáil go dátheangach, glactar leis nach mbeidh an doiciméad réidh lena fhoilsiú go dtí go mbeidh fáil ar na leaganacha sa dá theanga.	Eanáir 2006
3.5.3	Leanfar de na doiciméid atá á bhfoilsiú go dátheangach faoi láthair ag an gComhairle ach nach bhfuil clúdaithe ag Alt 10 den Acht a fhoilsiú do dátheangach.	–
3.5.4	Foilseofar doiciméid a bhaineann le ceantar Gaeltachta i nGaeilge amháin nó go dátheangach.	Tús na Scéime
3.5.5	Leanfar de dhoiciméid de chineál teicniúil a fhoilsiú i 'mBéarla amháin', ach amháin i gcás go mbíonn leas forleathan don phobal ann nó go mbíonn tábhacht áitiúil leis an doiciméad agus sa chás sin cuirfear leagan dátheangach nó achoimre i nGaeilge ar fáil.	Céimnithe go dtí Feabhra 2007
3.5.6	Má bhíonn muirear le gearradh ar fhoilseachán dátheangach, ní bheidh an muirear sin níos mó ná an muirear a bheadh ann do dhoiciméad i dteanga amháin nó i gceachtar teanga.	Tús na Scéime
3.5.7	Beidh an Ghaeilge a úsáidfeá i bhfoilseacháin a bhaineann le ceantair Ghaeltachta inléite agus éasca le tuiscint ach aird á thabhairt ar chruinneas maidir le litriú caighdeánach agus gramadach.	Leanúnach
3.5.8	Bunóidh an Chomhairle struchtúr pleanáilte do riachtanais aistriúcháin na Comhairle lena n-áirítear úsáid a bhaint as aistriitheoirí seachtracha, féachaint an bhféadfaí seirbhís lárnach aistriúcháin a bhunú in Áras an Chontae nó in Oifig na Ceathrún Rua nó cabhrú le hAonad aistriúcháin corparáideach lárnach a phleanáil do gach údarás áitiúil.	Deireadh 2005 agus faoi athbhreithniú leanúnach ina dhiaidh sin

### 3.6. Láithreán Gréasáin, Ar-Líne & Seirbhísí TF

GNÍOMH		SPRIODHÁTA
3.6.1	Beidh láithreán gréasáin na Comhairle, cibé nua nó ann cheana, go hiomlán dátheangach, beidh feidhmiúlacht chomhionann aige agus beifear in ann athrú go hiomlán idir teangacha.	Laistigh de Shaolré na Scéime seo
3.6.2.	Déanfar aon ábhar a chuirfear leis an láithreán gréasáin go comhuaineach sa dá theanga, i.e. glactar leis nach bhfuil ábhar réidh le dul beo mura mbíonn fáil ar leagan sa dá theanga.	Ar Láithreán Gréasáin a sheoladh nó laistigh de Saolré na Scéime seo cibé cé acu is túisce.
3.6.3	Is é freagracht gach Aonaid ábhar a sholáthar sa dá theanga go comhuaineach chuig an Aonad TF le cur isteach ar an láithreán gréasáin.	
3.6.4	Foilseofar doiciméid, foilseacháin, miontuairiscí, bróisiúir, fógráin etc. a chaithfear a fhoilsiú i gceachtar Teanga Oifigiúil mar atá sonraithe sa Scéim seo ar an Láithreán Gréasáin sa teanga chéanna.	
3.6.5	Féadfar cur i láthair, óráidí etc. a fhoilsiú sa teanga ina dtugtar iad. Má tá tábhacht shuntasach áitiúil nó poiblí san ábhar breithneofar achoimre nó leagan eile a thabhairt sa teanga eile.	
3.6.6	Beidh aon chórais nua arna bhforbairt ag an gComhairle go hiomlán dátheangach agus tabharfar isteach go comhuaineach iad.	Márta 2006

## Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe 2005 - 2008

3.6.7	Beidh aon sheirbhís nua idirghníomhacha go hiomlán dátheangach agus tabharfar isteach go comhuaineach iad.	Márta 2006
3.6.8	Beidh aon sheirbhís idirghníomhacha nach bhfuil dátheangach faoi láthair go hiomlán dátheangach ar an gcéad uasghrádú beartaithe eile.	Saolré 2 scéim (6 bliana – Meán Fómhar 2011)
3.6.9	Cinntoidh an Chomhairle go mbeidh ar chumas aon chóras/chlár ríomhaireachta nua etc. an Ghaeilge a láimhseáil sula gceannaítear iad nó sula mbainfidh an Chomhairle úsáid astu.	Tús na Scéime
3.6.10	Cinntoidh an Chomhairle go mbeidh ar chumas gach córas/clár ríomhaireachta etc. atá ann cheana an Ghaeilge a láimhseáil agus go mbeidh siad ag feidhmiú go hiomlán.	Saolré 2 scéim (6 bliana – Meán Fómhair 2011)
3.6.11	Cinntoidh an Chomhairle go mbeidh ar chumas gach printéir etc. an Ghaeilge a láimhseáil.	Bealtaine 2007
3.6.12	Cruthóidh an Chomhairle seoladh ríomhphoist ginearálta do gach fiosrúchán i nGaeilge.	Deireadh Fómhair 2005
3.6.13	Leanfaidh an Chomhairle den teicneolaíocht a úsáid go gníomhach chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí dátheangacha.	Leanúnach
3.6.14	Beidh fáil ar gach seoladh ríomhphoist go dátheangach agus beidh siad ag feidhmiú go hiomlán.	Meitheamh 2007
3.6.15	Is é an leagan Gaeilge <a href="http://www.gaillimh.ie">www.gaillimh.ie</a> a bheidh mar láithreán gréasáin na Comhairle.	Meitheamh 2006
3.6.16	Leathnófar an chuid Ghaeilge d'Inlón na Comhairle mar thacaíocht agus mar acmhainn don fhoireann.	Leanúnach

### 3.7 Cumarsáid Teileafóin

GNÍOMH		SPRIOCDHÁTA
3.7.1	Tabharfaidh gach fáilteoir/oibrí lasc-chláir ainm na Comhairle/rannóige i nGaeilge nó go dátheangach agus beidh beannachtaí bunúsacha Gaeilge ar eolas acu agus beidh socruithe oiriúnacha ann ionas go bhféadfaidh siad daoine den phobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, le cibé oifig nó oifigeach a bheidh freagrach as an tseirbhís atá uathu a chur ar fáil i nGaeilge. Go dtí go mbainfear é sin amach trí oiliúint agus/nó earcaíocht, míneoidh oibríthe nach bhfuil Gaeilge acu an cás go cúirtéiseach agus tairgfídh siad an té atá ag glooch a aistriú chuig cainteoir Gaeilge.	Céimnithe go dtí Eanáir 2007
3.7.2	Mura mbíonn (an) cainteoir Gaeilge atá in ann déileáil leis an nglao ar fáil, míneoidh an té a fhaigheann an glao an cás go cúirtéiseach agus glacfaidh ainm, uimhir agus mionsonraí an té a ghlaigh agus cinntoidh go nglaofaidh cainteoir Gaeilge ón gComhairle ar ais. Ní dhéanfar sin ach amháin nuair is féidir a bheith cinnte go nglaofar ar ais laistigh de dhá uair an chloig i gcás go mbíonn cainteoir Gaeilge ar fáil san áitreabh nó, ar a mhéid, laistigh de lá amháin oibre. Sin nó tairgfear don té a ghlaigh go nglaofar ar ais i nGaeilge air nó uirthi nó leanúint ar aghaidh i mBéarla.	Céimnithe go dtí Eanáir 2007
3.7.3	Mura mbíonn fáil ar an gcainteoir Gaeilge chun déileáil le fiosrúchán sonracha speisialta tabharfar an rogha don té a bhíonn ag glooch go nglaofar ar ais air nó uirthi nó go leanfar leis an gcomhrá i mBéarla.	Céimnithe go dtí Eanáir 2007
3.7.4	Beidh córais freagartha teileafóin uathoibríocha go hiomlán dátheangach agus stiúrfaidh siad an té a ghlaonn go leictreonach (trí roghanna tadhallton) go dtí an áit a mbíonn seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil. Déanfar bolscaireacht go forleathan ar na seirbhísí sin nuair a bheidh siad ar fáil. Is i nGaeilge amháin a bheidh na córais sin in oifigí Gaeltachta.	Meán Fómhair 2006
3.7.5	Beidh eolaire de chainteoirí Gaeilge a bheidh toilteanach déileáil le glaonna Gaeilge laistigh den Chomhairle lánpháirtithe san eolaire teileafóin inmheánach mar threoir don fhoireann ar mian leo glaonna a aistriú go dtí cainteoirí Gaeilge. Tacóidh aonaid le líonraí tacaíochta inmheánacha chun an tseirbhís a éascú.	Meán Fómhar 2006 agus tugtha cothrom le dáta go leanúnach
3.7.6	Beidh teachtaireacht taifeadta dhátheangach ar chórais freagartha teileafóin ag rá leis an té a ghlaonn gur féidir teachtaireacht a fhágáil i gceachtar teanga. Suiteálfar ar dtús é sin do sholáthróirí seirbhíse trí Ghaeilge agus do chomhaltaí den fhoireann ar mian leo sin agus leathnófar go dtí an Chomhairle ar fad é nuair a dhéanfar an chéad uasghrádú eile ar chóras teileafóin na Comhairle.	Céimnithe go dtí an chéad uasghrádú córais eile



3.7.7	Fiosróidh an Chomhairle an deis Ionad Glaonna Seirbhíse trí Ghaeilge a shocrú in Oifigí na Ceathrún Rua a d'fhéadfadh gach rannóg den Chomhairle a úsáid chun seirbhísí teileafóin a sholáthar trí Ghaeilge má bhíonn an tseirbhís a chuirtear ar fáil de chaighdeán comhionann le seirbhísí ó na rannóga aonair. San áireamh ansin beidh measúnú ar an gcéatadán glaonna ginearálta i gcomparáid le glaonna saineúla a gheobhaidh rannóga na Comhairle.	Fiosrú faoi Aibreán 2006, Feidhmiú faoi Aibreán 2007 ag brath ar fhéidearthacht agus luach ar airgead
3.7.8	Beidh fáilteoirí/oibrithe lasc-chláir in oifigí Gaeltachta go hiomlán inniúil ar dhéileáil le cainteoirí líofa Gaeilge agus is i nGaeilge amháin a fhreagrófar glaonna gutháin sna hoifigí sin.	I bhfeidhm faoi láthair Leanúnach
3.7.9	Fiosróidh an Chomhairle an bhféadfaí seirbhís/uimhir theileafóin tiomanta Ghaeilge a chruthú do dhaoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.	Fiosrúchán faoi Aibreán 06 feidhmiú faoi Mheán Fómhair 07 ag brath ar fhéidearthacht agus luach ar airgead.
3.7.10	Nuair a bhíonn uimhreacha teileafóin a bhfógairt don phobal, cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh sé le tuiscint go soiléir más i mBéarla amháin a bheidh an tseirbhís teileafóin sin ar fáil agus in imeacht ama foilseofar uimhir mhalartach don tseirbhís Ghaeilge. As sin is é an ghnáthchleachtas a bheidh ann má fhógraítear uimhir gan a rá gur i mBéarla amháin atá an tseirbhís glactar leis go bhfuil an tseirbhís dátheangach.	Céimnithe go dtí Meitheamh 07

### 3.8 Seirbhísí Cuntair

GNÍOMH	SPRIOC DHÁTA	
3.8.1	Fáiltíonn an Chomhairle i nGaeilge nó i mBéarla roimh dhaoine a thagann chuig a hoifigí agus cuirfeadh sin in iúl don phobal.	–
3.8.2	Beannófar do dhaoine a thagann chuig na cuntair phoiblí le beannacht shimplí dhátheangach.	Céimnithe go dtí Meán Fómhair 2006
3.8.3	Déileálfar le gach duine a thagann go dtí na cuntair bunaithe ar chúirtéis agus comhionannas agus prionsabail na Seirbhísí ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí.	Tús na Scéime & Leanúnach
3.8.4	Gheofar amach cén rogha teanga atá ag an gcustaiméir. Mura mbíonn fáil ar an gcainteoir Gaeilge atá in ann déileáil leis an té a thagann, míneoidh an duine a bheidh ag déileáil leis na gcustaiméir an cas dó nó di go cúirtéiseach agus cuirfidh in iúl don chustaiméir cathain a mbeidh cainteoir Gaeilge atá in ann an tseirbhís a thabhairt ar fáil, (ní dhéanfar sin ach amháin sa chás go mbíonn fáil ar chainteoir Gaeilge i dtréimhse réasúnach ama – m.sh. 5 nóiméad) nó mar rogha air sin tabharfar roghanna éagsúla dó nó di 1) cainteoir Gaeilge tríd páirtí a bheith i láthair chun an t-idirbheart a aistriú má tá sin ar fáil, 2) am áirithe a shocrú a mbeidh cainteoir Gaeilge ar fáil, 3) leanúint leis an gcomhrá i mBéarla.	Ar bhonn céimnithe go dtí deireadh Lúnasa 2006
3.8.5	Fógróidh gach cuntar go soiléir cé na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge ón gcuntar mar aon le fairsinge na seirbhísí sin. Mura mbíonn comhartha á lua sin ag cuntar glactar leis go bhfuil na seirbhísí ar fad go hiomlán dátheangach.	Tosú Eanáir 2007 & Leanúnach ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh na seirbhísí go léir ar fáil
3.8.6	Nuair a bheidh seirbhísí cuntair agus idirphearsanta á dtabhairt i gcrích, cinnteoidh an Chomhairle, trí na modhanna atá molta in Roinn 4 agus i gcomhoibriú leis na páirtithe cuí go léir, go ndéanfar na nithe seo a leanas laistigh de shaolré na Scéime seo: a) Tá seirbhísí cuntair ar fáil i nGaeilge faoi láthair ó oifig ceantair na Ceathrún Rua, Seirbhís Leabharlainne sa Spidéal, ar an gCeathrú Rua, i dTír an Fhia, in Inis Oírr, in Inis Meáin agus in Inis Mór agus cinnteoidh an Chomhairle go ndéanfar sin a chothabháil.	Laistigh de Shaolré na Scéime seo

## Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe 2005 - 2008

	<p>b) I gcás suímh oifige Cheanncheathrú na Comhairle cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh struchtúir chuí ann ionas go mbeidh seirbhísí cuntair ar fáil trí Ghaeilge ó na cuntair seirbhíse poiblí Pleanála, Mótarchánach, Airgeadais agus Bóithre laistigh de shaolré na Scéime seo.</p> <p>c) Cinnteoidh an Chomhairle gur ann do struchtúir chuí lena chinntiú go mbeidh duine breise ar a laghad den fhoireann ar fáil chun seirbhísí cuntair a sholáthar trí Ghaeilge ó gach ceann de na ranna i gceanncheathrú na Comhairle nach bhfuil liostaithe thuas laistigh de shaolré na Scéime seo.</p> <p>d) I gcás Chomhairlí Baile Bhéal Átha na Sluaighe, Thuama agus Bhaile Locha Riach déanfar obair ullmhúcháin chun tús a chur leis an bpróiseas seirbhísí trí Ghaeilge a fhorbairt le súil agus aghaidh a thabhairt ar an gceist seirbhísí cuntair custaiméir ar ardchaighdeán a sholáthar trí Ghaeilge ó na hoifigí sin sa dara scéim agus sna scéimeanna ina diaidh.</p> <p>e) Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh struchtúir dhóthanacha ann chun seirbhísí cuntair a sholáthar trí Ghaeilge, san áireamh ag gach céim de phleanáil na nIonad Seirbhísí Réigiúnach atá beartaithe i ngach toghlimistéar. Chun na críche sin, d'ionaid seirbhísí réigiúnacha nach bhfuil ceantair Ghaeltachta ina limistéir feidhme, beidh duine amháin den fhoireann ar a laghad inniúil ar sheirbhísí údaráis áitiúil a thabhairt i gcrích trí Ghaeilge. D'ionaid seirbhísí réigiúnacha a bhfuil ceantair Ghaeltachta ina limistéar feidhme beidh beirt ar a laghad den fhoireann inniúil ar sheirbhísí údaráis áitiúil a thabhairt i gcrích trí Ghaeilge.</p> <p>f) Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh an cumas ag aon Ionad Seirbhísí Réigiúnach atá suite i gceantar Gaeltachta gach ceann de sheirbhísí cuntair an ionaid a sholáthar trí Ghaeilge.</p> <p>g) Cinnteoidh an Chomhairle go gcomhlíonfar ceanglais áirithe Gaeilge a bhaineann le soláthar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta in aon ionad seirbhísí réigiúnach a bhfuil ceantar Gaeltachta laistigh dá limistéar feidhme.</p>	Laistigh de Shaolré na Scéime seo
3.8.7	Beidh aon chomhfhreagras, mar thoradh ar idirbheart cuntair ina mbíonn rogha teanga an chustaiméara déanta amach, sa teanga sin fiú má rinneadh an t-idirbheart sa teanga eile.	Céimnithe go dtí Aibreán 2006
3.8.8	In imeacht thréimhse de dhá Scéim, cinnteoidh an Chomhairle gur ann do struchtúir ionas go mbeidh fáil go hiomlán dátheangach ar na seirbhísí cuntair go léir agus go mbeidh an Chomhairle inniúil déileáil le cainteoirí líofa Gaeilge.	Deireadh an dara Scéim (6 bliana– Meán Fómhair 2011)
3.8.9	Ní bheidh aon mhoill ná cúis náire do chustaiméir ná do dhuine den fhoireann má lorgáítear seirbhís i nGaeilge ó chuntar poiblí.	Seirbhís tosaithe nó fógartha
3.8.10	Feidhmeoidh córais fógraí poiblí a bheidh in úsáid ag an gComhairle, nó thar ceann na Comhairle, ina áitreabh nó in aon áit eile trí Ghaeilge nó go dátheangach agus feidhmeoidh siad i nGaeilge amháin má bhíonn siad suite i gceantar Gaeltachta.	Márta 2006
3.8.11	Glacfaidh an fhoireann go héasca le haon mhionsonraí custaiméirí go beacht i nGaeilge agus ní bheidh aon ghá ná brú ar an gcustaiméir a mhionsonraí a athrú go Béarla ag aon tráth. I gcás go bhfaightear amach/gur fios gurb í an Ghaeilge rogha teanga chustaiméirí agus go bhfuil a mionsonraí i mBéarla faoi láthair ar an gcóras/mbunachar sonraí etc. atá in úsáid, spreagfar an custaiméir a údarú go n-athrófaí na mionsonraí go Gaeilge trí na sásraí cuí. (Bainfidh sé seo le gach idirbheart custaiméirí).	Bealtaine 2006

## 3.9 Cruinnithe Poiblí/Cruinnithe leis an bpobal

GNÍOMH		SPRIODHÁTA
3.9.1	Fáilteofar roimh rannpháirtíocht i nGaeilge nó i mBéarla ag cruinnithe leis an bpobal, eagraithe ag an gComhairle nó thar ceann na Comhairle.	–
3.9.2	Ar chruinniú a eagrú le cliant gheofar amach cén rogha teanga atá ag an gcliant. Más í an Ghaeilge rogha teanga an chliant, cinnteoidh an Chomhairle gur oifigeach dátheangach a chasfaidh leo.	Céimnithe ó Mheán Fómhair '06 go dtí saolré na Scéime
3.9.3	Má bhí déileáil roimhe sin leis an gcliant trí Ghaeilge glactar leis gur trí Ghaeilge a bheidh teanga an chruinnithe agus aon theagmháil ina dhiaidh sin.	Céimnithe ó Mheán Fómhair '06 go dtí saolré na Scéime
3.9.4	Má bhíonn an cruinniú ann agus gan dóthain ama ann chun socrú a dhéanamh go gcasfadh oifigeach dátheangach leis an gcliant, míneofar an cás go cúirteiseach don chliant agus tabharfar an rogha dó nó di: 1) coinne eile a shocrú le hoifigeach a labhraíonn Gaeilge, 2) tríú páirtí a labhraíonn Gaeilge a bheidh ag an gcruinniú má tá a leithéid ar fáil, 3) an comhrá a thionól i mBéarla.	Céimnithe ó Mheán Fómhair '06 go dtí saolré na Scéime
3.9.5	Gheofar amach cén teanga is fearr leis an gcliant sula socraítear cruinniú sa teach/lasmuigh den oifig. Glactar leis gurb í an Ghaeilge an rogha teanga i gceantar Gaeltachta. Cinnteoidh an Chomhairle gur cainteoirí Gaeilge a bheidh sna hoifigigh a fhreastalaíonn ar chruinnithe le daoine aonair a bhfuil a fhios gurb í an Ghaeilge a rogha teanga.	Céimnithe go dtí saolré na Scéime
3.9.6	Is trí Ghaeilge a stiúrfar aon chruinniú poiblí, ag an gComhairle nó thar ceann na Comhairle ag tríú páirtí, a thionólfar sa Ghaeltacht, nó a bhíonn ag déileáil le ceistanna Gaeltachta. D'fhéadfaí aistriúchán comhuaineach a sholáthar dá mba ghá.	Céimnithe ó Mheán Fómhair '06 go dtí saolré na Scéime
3.9.7	Déanfar socrúite do dhaoine den phobal a rogha teanga a úsáid, Gaeilge nó Béarla, ag cruinnithe poiblí sa chás go mbíonn a fhios cén teanga is fearr leo.	Céimnithe ó Mheán Fómhair '06 go dtí saolré na Scéime
3.9.8	Fiafrófar roimh ré cén teanga is fearr le daoine a bheidh ag freastal ar chruinniú poiblí trína iarraidh orthu a rogha teanga a dhearbhu san fhógra den chruinniú. I gcás nach mbíonn sé sin sonraithe san fhógra den chruinniú d'fhéadfaí glacadh leis go mbeidh an cruinniú go hiomlán dátheangach.	Céimnithe ó Mheán Fómhair '06 go dtí saolré na Scéime
3.9.9	Nuair a bheidh gá leis, cuirfidh an Chomhairle trealamh aistriúcháin so-iompartha ar fáil do dhaoine nach cainteoirí Gaeilge iad ag gach cruinniú leis an bpobal a eagraíonn an Chomhairle nó a eagraítear thar ceann na Comhairle ag súimh nach bhfuil trealamh aistriúcháin buan suiteáilte iontu.	Céimnithe ó Mheitheamh '06 go dtí saolré na Scéime
3.9.10	Ba chóir go mbainfeadh an Cathaoirleach nó príomhchainteoir amháin ar a laghad úsáid oifigiúil as an nGaeilge ag gach cruinniú leis an bpobal a shocraíonn an Chomhairle nó a shocraítear thar ceann na Comhairle.	Céimnithe ó Aibreán '06 go dtí saolré na Scéime
3.9.11	Cuirfear in iúl ag tús an chruinnithe go bhfuil saoráidí d'aistriúchán comhuaineach á soláthar agus glactar cúram lena chinntiú go mbíonn glacadóir ag gach duine nach cainteoirí Gaeilge iad. Beidh struchtúr inrochtaine agus soiléir ann chun cluasáin a dháileadh, ag cinntiú go mbaintear úsáid cheart astu agus go mbíonn siad ag obair go héifeachtach.	–
3.9.12	Soláthrófar trealamh aistriúcháin iniompartha agus bainfeadh úsáid as nuair a bhíonn a fhios go mbeidh daoine nach labhraíonn Gaeilge le bheith i láthair ag cruinniú poiblí atá le stiúradh trí Ghaeilge.	Céimnithe ó Aibreán '06 go dtí saolré na Scéime
3.9.13	Nuair a shocróidh an Chomhairle cruinnithe le heagraíochtaí a oibríonn de ghnáth i nGaeilge, tionólfar an cruinniú i nGaeilge. Féadfaí aistriúchán comhuaineach a sholáthar más gá.	Céimnithe ó Aibreán '06 go dtí saolré na Scéime
3.9.14	Cinnfidh oifigeach cuí cibé an bhfuil gá le saoráidí d'aistriúchán comhuaineach nó eile, le haird ar na fachtóirí lena mbaineann. Áirítear orthu sin ábhar nó cuspóir an chruinnithe, a shuíomh, na daoine is dócha a bheidh i láthair agus aon réamhfhógra maidir le rogha teanga.	Céimnithe ó Aibreán '06 go dtí saolré na Scéime
3.9.15	I gcás cruinnithe a thionólfar lasmuigh den Ghaeltacht ach lena mbaineann grúpaí a oibríonn laistigh den Ghaeltacht, nó a bhfuil ceantair Ghaeltachta i measc a réimse freagrachtaí, cuirfear seirbhís aistriúcháin chomhuainigh ar fáil.	Céimnithe ó Aibreán '06 go dtí saolré na Scéime

## Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe 2005 - 2008

3.9.16	I gcás go mbíonn a fhios gur cainteoirí Gaeilge iad tromlach na rannpháirtithe ag aon chruinniú, nó gur ó eagraíochtaí Gaeilge iad, déanfar an cruinniú a stiúradh trí Ghaeilge.	Céimnithe ó Aibreán '06 go dtí saolré na Scéime
3.9.17	Déanfaidh an Chomhairle socruithe chun foirne oibre a eagrú ionas go mbeidh fostaí a labhraíonn Gaeilge ag cruinnithe poiblí, nó go mbeidh fáil ar fhostaí a labhraíonn Gaeilge.	Laistigh de Shaolré na Scéime seo

### 3.10 Comhairliúchán

GNÍOMH	SPRIOCdhÁTA	
3.10.1	Comhlíonfaidh gach comhairliúchán a dhéanfaidh an Chomhairle, nó a dhéanfar thar ceann na Comhairle, Scéim na Gaeilge mar atá leagtha amach thíos.	Leanúnach
3.10.2	Déanfar gach comhairliúchán a stiúran an Chomhairle, nó a stiúrtar thar a ceann, a stiúradh go dátheangach nó i mBéarla nó i nGaeilge, de réir rogha an té a rachfar i gcomhairle leis nó léi. Áirítear leis sin comhairliúcháin le geallsealbhóirí seachtracha m.sh. áititheoirí, úsáideoirí seirbhíse, gnólachtaí, eagraíochtaí deonacha, eagraíochtaí comhpháirtíochta agus Comhairlí Baile agus Pobail agus freisin le geallsealbhóirí inmheánacha m.sh. oifigigh, ceardchumainn, comhaltaí.	–
3.10.3	Foilseofar ceistiúcháin, doiciméid chomhairliúcháin agus an fhaisnéis a ghabhann leo go dátheangach agus beidh rochtain chomhionann ag an dream a rachfar i gcomhairle leo orthu.	Meitheamh 2006
3.10.4	Tabharfar an rogha do gheallsealbhóirí a bheith páirteach in agallaimh, grúpaí díospóireachta nó fóraim idirghníomhacha i mBéarla nó i nGaeilge. In imthosca eisceachtúla nuair nach féidir sin a dhéanamh cuirfear aistriúchán comhuaineach ar fáil.	Meitheamh 2006
3.10.5	Nuair a bheidh comhairliúchán á phleanáil, breithneofar ar chóir dul i gcomhairle le cainteoirí Gaeilge nó cainteoirí Béarla mar spriocghrúpa sainiúil.	Meitheamh 2006
3.10.6	Ba chóir go ndéanadh comhairliúchán amach an bhfuil aon difríochtaí idir cainteoirí Gaeilge agus cainteoirí Béarla sa phobal ó thaobh a sástachta de.	Meitheamh 2006
3.10.7	Má tá gníomhaireacht sheachtrach le comhairliúchán a dhéanamh, beidh na ceanglais thuas san áireamh sa mhionteagasc agus sa chonradh iomchuí idir an Chomhairle agus an ghníomhaireacht.	Tús na Scéime

### 3.11 Íombhá Chorparáideach, Comharthaí, Bearta Ginearálta

GNÍOMH	SPRIOCdhÁTA	
3.11.1	Is é ainm na Comhairle ná Comhairle Chontae na Gaillimhe / Galway County Council.	–
3.11.2	Seo a leanas ainmneacha na gComhairlí Baile: Comhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe / Ballinasloe Town Council; Comhairle Baile Thuama / Tuam Town Council; Comhairle Baile Bhaile Locha Riach / Loughrea Town Council.	–
3.11.3	Glacfaidh an Chomhairle céannacht chorparáideach a bheidh go hiomlán dátheangach.	Céimnithe go dtí deireadh na Scéime
3.11.4	Bainfear úsáid as teidil Ghaeilge chomhaltaí agus oifigigh na Comhairle nuair is féidir. m.sh. Méara, Comhairleoirí, Bainisteoir Contae, Rúnaí Contae, Cléireach an Bhaile etc. agus déanfar an úsáid sin a chéimniú go dtí gurb é an leagan Gaeilge amháin a bheidh in úsáid le comhaontú na bpáirtithe cuí.	–
3.11.5	I gcás gur cuma cé acu leagan d'ainm na Comhairle a bhíonn in úsáid is é an leagan Gaeilge a úsáidfear.	Meitheamh 2006
3.11.6	Áit a mbíonn ainm na Comhairle ar éidí agus ar shuaitheantais chéannachta leanfar den Ghaeilge a úsáid.	I bhfeidhm faoi láthair
3.11.7	Leanfar d'aon téacs ar lógó reatha na Comhairle agus aon lógó nua a fhorbrófar de bheith i nGaeilge amháin.	Tús na Scéime

3.11.8	Is i nGaeilge amháin a bheidh aon chomhartha a chuirfidh an Chomhairle suas i gcomharsanacht Gaelscoile nó i gcomharsanacht scoile a oibríonn trí mheán na Gaeilge tar éis dul i gcomhairle leis an nGaelscoil/Scoil.	Laistigh de shaolré na Scéime
3.11.9	In imthosca áirithe féadfar siombailí a aithnítear go hidirnáisiúnta a úsáid in áit Béarla ar chomharthaí i gceantair Ghaeltachta.	–
3.11.10	Cinnteoídh an Chomhairle go mbeidh an téacs ar gach comhartha cruinn, intuigthe, soiléir agus go ndéanfar é a sheiceáil le saineolaí teanga cuí.	
3.11.11	Éascóidh agus spreagfaidh an Chomhairle aon bhaile/sráidbhaile/pobal laistigh nó lasmuigh den Ghaeltacht ar mhian leo trí chomhthoil an phobail comharthaí a bheith i nGaeilge amháin ina gceantar.	
3.11.12	Beidh aon chomhartha a éilíonn cead ón gcomhairle lena chur suas go hiomlán dátheangach. Is i nGaeilge amháin a bheidh na comharthaí sin sa Ghaeltacht. Ceadóidh an Chomhairle nó saineolaí teanga cuí litriú/cruinneas an téacs. Tabharfaidh an Chomhairle an méid comhairle agus is féidir sa chás seo.	Laistigh de shaolré na Scéime
3.11.13	Beidh coinníollacha ag gabháil le haon chead pleanála a dheonaíonn an Chomhairle i gceantair Ghaeltachta gur i nGaeilge amháin a bheidh na comharthaí ar fhorbairtí den sórt sin, lena n-áirítear le linn na céime tógála agus go mbeidh litriú/cruinneas an téacs ceadaithe ag an gComhairle nó ag saineolaí teanga cuí. Tabharfaidh an Chomhairle an méid comhairle agus is féidir don fhorbróir sa chás seo.	Laistigh de shaolré na Scéime
3.11.14	Beidh coinníollacha ag gabháil le haon chead pleanála d'fhorbairt tráchtála a dheonaíonn an Chomhairle lasmuigh den Ghaeltacht gur comharthaí dátheangacha a bheith ar na forbairtí sin agus go mbeadh litriú/cruinneas an téacs ceadaithe ag an gComhairle nó ag saineolaí teanga cuí. Tabharfaidh an Chomhairle an méid comhairle agus is féidir don fhorbróir sa chás seo.	Laistigh de shaolré na Scéime
3.11.15	Leanfar d'aon fhorbairtí cónaitheacha nua a ainmniú i nGaeilge mar choinníoll de chead pleanála. Beidh an fhreagracht ar choiste logainmneacha na Comhairle ainmneacha den sórt sin a scrúdú agus a roghnú de réir a théarmaí tagartha, dul i gcomhairle leis an gcoimisiún logainmneacha más gá agus tar éis na logainmneacha atá cheana ann, stair agus oidhreacht áitiúil an cheantair a bhreithniú.	Tús na Scéime
3.11.16	Déanfar glacadh le hainmneacha Gaeilge do shráideanna, bóithre, gnéithe nua a chur chun cinn agus déanfar comhairliúchán cuí chun ainm sráide, bóthair srl a shainmhíniú. Is é coiste logainmneacha na Comhairle a bheidh freagrach as seo.	Tús na Scéime
3.11.17	I gcás forbairtí stairiúla, ainmneacha sráide, bóithre, logainmneacha agus gnéithe geografacha, arb é díreach an litriú atá de dhifríocht idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla d'ainm agus de shráid, glacfar leis an bhfoirm Ghaeilge mar an t-aon fhoirm. I ngach cás go mbíonn dhá leagan d'ainmneacha in úsáid, is é an leagan Gaeilge a bheidh ar dtús agus in uachtar.	Tús na Scéime
3.11.18	Bainfidh an Chomhairle úsáid as An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 chun críocha oifigiúla agus úsáidfean é mar réamhshocrú i ngach bunachar sonraí agus comhfhreagras de chuid na Comhairle.	Céimnithe go dtí Meán Fómhair 2007
3.11.19	Cinnteoídh an Chomhairle go gníomhach go comhlíonfaidh sí, ar a laghad ar bith, an ról fosta reachtúil agus na dualgais a thugtar di in aon reachtaíocht i ndáil leis an nGaeilge agus féachfaidh sí go seasta le dul os cionn agus níos faide ná an ról sin. m.sh. An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, an tAcht Rialtais Áitiúil 2001, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 srl.	–
3.11.20	Cinnteoídh an tseirbhís leabharlainne go méadófar an méid leabhar Gaeilge a bheidh ar fáil ina aonaid agus do scoileanna go leanúnach.	Leanúnach

### 3.12 Polasaithe agus Tionscnaimh Nua

GNÍOMH	SPRIODHÁTA	
3.12.1	Measúnóidh an Chomhairle iarmhairtí teanga aon pholasaithe, straitéisí nó tionscnamh nua faoina úinéireacht nuair a bhítear á gceapadh, agus an éifeacht a bheidh acu ar an nGaeilge laistigh de sheirbhís agus i bpobail sa Ghaeltacht agus sa Tír ina hiomláine. Cuirfear bearta breise leis an Scéim más gá ar chomhaontú a fháil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus ar chomhairle an Choimisinéara Teanga a bhreithniú.	Tús na Scéime
3.12.2	Beidh polasaithe agus tionscnaimh nua ag teacht leis an Scéim agus ní bhainfidh siad an bonn di.	Tús na Scéime
3.12.3	Ní dhéanfaidh polasaithe agus tionscnaimh nua díobháil d'Oidhreacht Chultúrtha agus Teanga na Gaeltachta agus beidh gné chur chun cinn acu nuair is féidir.	Tús na Scéime
3.12.4	Cuirfidh polasaithe agus tionscnaimh nua úsáid na Gaeilge chun cinn nuair is féidir, agus éascóidh siad úsáid na Gaeilge.	Tús na Scéime
3.12.5	Féachfaidh polasaithe agus tionscnaimh nua leis an gComhairle a thabhairt níos gaire do phrionsabal an chomhionannais teanga a fheidhmiú gach deis a bhíonn aici.	Tús na Scéime
3.12.6	Cuirfear an fhoireann agus na comhchomhairleoirí a bhíonn páirteach i gceapadh polasaí ar an eolas faoin Scéim agus faoi oibleagáidí na heagraíochtaí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.	Tús na Scéime
3.12.7	Déanfar athbhreithniú ar na polasaithe atá cheana ann agus athrófar iad má mheastar gur gá sin a dhéanamh ag teacht le forálacha na Scéime seo.	Saolré na Scéime

### 3.13 Seirbhísí a thugtar i gcrích thar ceann na Comhairle

GNÍOMH	SPRIODHÁTA	
3.13.1	Forálfaidh na nósanna imeachta caighdeánacha chun déileáil le tríú páirtithe a thugann seirbhísí i gcrích don phobal i gcomhar leis an gComhairle, nó thar a ceann, dá chinntiú go gcuirfear an Scéim seo agus a ceanglais, mar aon le hAcht na dTeangacha Oifigiúla agus aon rialacháin a dhéantar faoin Acht, san áireamh.	Faoi dheireadh na Scéime
3.13.2	Beidh foráil i ngach doiciméad, tairiscint, conradh, comhaontú agus coinníollacha deontais etc. do sheirbhísí a thabhairt i gcrích de réir na Scéime seo. I gcás go mbíonn teagmháil leis an bpobal i gceist, iarrfar ar ghníomhairí nó conraitheoirí a lua mar a thabharfar na seirbhísí sin i gcrích trí Ghaeilge.	Meán Fómhar 2006
3.13.3	I gcleachtas, athróidh na sonraíochtaí de réir na seirbhíse atá á soláthar thar ceann na Comhairle, mar gheall ar an gcineál teagmhála idir an conraitheoir agus an pobal nuair a chuirtear na seirbhísí ar fáil, agus mar gheall ar na tiomantais atá ag an Scéim Ghaeilge agus Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i ndáil leis na conarthaí sin, agus ansin socrófar na sonraíochtaí dá réir.	Meán Fómhar 2006
3.13.4	Nuair a bheidh an Chomhairle ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile cuirfidh sí an Scéim Teanga in iúl do na páirtithe go léir agus cinnteoidh go gcuirfear na bearta atá sa scéim i bhfeidhm. Nuair is féidir, spreagfaidh agus neartóidh an Chomhairle úsáid na Gaeilge, polasaithe dátheangacha agus Oidhreacht Chultúrtha agus Teanga na Gaeltachta, agus cuirfidh sí chun cinn iad, nuair a bhíonn socrúithe den sórt sin ann.	Eanáir 2006

## 3.14 An Ghaeltacht

GNÍOMH		SPRIODHÁTA
3.14.1	Is í nGaeilge a bheidh aon chomhfhreagras a thionscnóidh an Chomhairle leis an bpobal i gceantar Gaeltachta nó féadfar é a bheith go dátheangach má iarrtar sin.	Eanáir 2007
3.14.2	Déanfar doiciméid a bhaineann le ceantar Gaeltachta a fhoilsiú i nGaeilge amháin nó go dátheangach.	Tús na Scéime
3.14.3	Beidh an Ghaeilge a bheidh in úsáid i bhfoilseacháin a bhaineann leis an nGaeltacht inléite agus éasca le tuiscint le haird ar chruinneas maidir le litriú caighdeánach agus gramadach. Bainfidh sé sin le foirmeacha iarratais freisin.	Leanúnach
3.14.4	Is í nGaeilge amháin a bheidh córais freagartha teileafóin in oifigí Gaeltachta agus stiúrfaidh siad na daoine a ghlaonn go leictreonach (trí rogha tadhallton) go dtí an áit a bhfuil na seirbhísí Gaeilge ar fáil. Féadfar an teachtaireacht chomhfhreagrach i mBéarla a chur leis, más gá, tar éis na teachtaireachta Gaeilge.	Meitheamh 2006
3.14.5	Beidh fáilteoirí/oibríthe lasc-chláir in oifigí Gaeltachta lán-inniúil ar dhéileáil le cainteoirí líofa Gaeilge agus glaonna teileafóin sna hoifigí sin a fhreagairt i nGaeilge amháin.	I bhfeidhm faoi láthair Leanúnach
3.14.6	Is í nGaeilge amháin a fheidhmeoidh córais fógraíochta poiblí a úsáidfídh an Chomhairle, nó a úsáidfear thar ceann na Comhairle, ina áitreabh nó in aon áit eile i gceantar Gaeltachta.	Márta 2006
3.14.7	Gheofar amach cén teanga is fearr leis an gcliant sula socraítear cruinniú sa teach. Glacfar leis gurb í an Ghaeilge an rogha teanga i gceantar Gaeltachta. Cinnteoidh an Chomhairle gur cainteoirí Gaeilge a bheidh sna hoifigí a fhreastalaíonn ar chruinnithe le daoine aonair a bhfuil a fhios gurb í an Ghaeilge a rogha teanga.	Céimnithe go dtí saolré na scéime
3.14.8	Is trí Ghaeilge a stiúrfar aon chruinnithe poiblí, a dhéanfaidh an Chomhairle nó a dhéanann tríú páirtí thar ceann na Comhairle, sa Ghaeltacht, nó a bhíonn ag déileáil le ceisteanna Gaeltachta. Féadfar aistriúchán comhuaineach a sholáthar más gá.	Céimnithe go dtí Márta 2006
3.14.9	I gcás cruinnithe a thionólfar lasmuigh den Ghaeltacht ach lena mbaineann grúpaí a oibríonn laistigh den Ghaeltacht, nó a bhfuil ceantair Gaeltachta i measc a réimse freagrachtaí, cuirfear seirbhís aistriúcháin chomhuainigh ar fáil.	Céimnithe go dtí Márta 2006
3.14.10	In imthosca áirithe féadfar siombailí a aithnítear go hidirnáisiúnta a úsáid in áit Béarla ar chomharthaí i gceantair Gaeltachta.	–
3.14.11	Is í nGaeilge amháin a bheidh aon chomhartha a éilíonn cead ón gComhairle lena chur suas sa Ghaeltacht.	
3.14.12	Beidh coinníollacha ag gabháil le haon chead pleanála a dheonaíonn an Chomhairle i gceantair Gaeltachta gur i nGaeilge amháin a bheidh na comharthaí ar na forbairtí sin, lena n-áirítear le linn na céime tógála agus go mbeidh litriú/cruinneas an téacs ceadaithe ag an gcomhairle nó ag saineolaí teanga cúf. Tabharfaidh an Chomhairle an méid comhairle is féidir don fhorbróir sa chás sin.	Laistigh de Shaolré na Scéime seo
3.14.13	Is í an Ghaeilge a bheidh mar theanga oibre in aon oifigí Comhairle a bheidh suite sa Ghaeltacht nach bhfuil ag feidhmiú ar an tslí sin faoi láthair.	2020
3.14.14	Neartóidh an Chomhairle na seirbhísí a sholáthraítear ó Oifigí na Ceathrún Rua, agus cuirfidh sí leo, agus beidh na seirbhísí breise ar chaighdeán comhionann agus ar cháilíocht chomhionann leis na seirbhísí a sholáthraítear ó Áras an Chontae nó ó Oifigí Ceantair eile mar atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach 2005-2009 agus sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí.	Leanúnach
3.14.15	Cinnteoidh an Chomhairle go gníomhach go mbeidh gach gné dá cuid oibre a dhéanann difear go díreach nó go hindíreach don Ghaeltacht i nGaeilge agus aird á thabhairt aici ar oidhreacht chultúrtha agus teanga na Gaeltachta agus nach mbeidh éifeacht dhíobhálach aici ar úsáid na Gaeilge mar theanga pobail ach go gcuirfear chun cinn í agus go spreagfar í.	–

## Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe 2005 - 2008

3.14.16	Measúnóidh an Chomhairle iarmhairtí teanga aon pholasaithe, straitéisí nó tionscnamh nua faoina úinéireacht nuair a bhítear á gceapadh, agus an éifeacht a bheidh acu ar an nGaeilge laistigh de sheirbhís agus i bpobail sa Ghaeltacht agus sa Tír ina hiomláine. Cuirfear bearta breise leis an Scéim más gá ar chomhaontú a fháil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus ar chomhairle an Choimisinéara Teanga a bhreithniú.	Tús na Scéime
3.14.17	Ní dhéanfaidh polasaithe agus tionscnaimh nua díobháil d'Oidhreacht Chultúrtha agus Teanga na Gaeltachta agus beidh gné chur chun cinn acu nuair is féidir.	Tús na Scéime
3.14.18	Bunóidh an Chomhairle struchtúr pleanáilte do riachtanais aistriúcháin na Comhairle lena n-áirítear úsáid a bhaint as aistritheoirí seachtracha, féachaint an bhféadfaí seirbhís lárnach aistriúcháin a bhunú in Áras an Chontae nó in Oifigí na Ceathrún Rua nó cabhrú le hAonad aistriúcháin corparáideach lárnach a phleanáil do gach údarás áitiúil.	Deireadh 2005 agus athbhreithniú leanúnach ina dhiaidh sin
3.14.19	Fiosróidh an Chomhairle an deis Ionad Glaonna Seirbhíse trí Ghaeilge a shocrú in Oifigí na Ceathrún Rua a d'fhéadfadh gach rannóg den Chomhairle a úsáid chun seirbhísí teileafóin a sholáthar trí Ghaeilge má bhíonn an tseirbhís a chuirtear ar fáil de chaighdeán combhionann le seirbhísí ó na rannóga aonair. San áireamh ansin beidh measúnú ar an gcéatadán glaonna ginearálta i gcomparáid le glaonna sainiúla a gheobhaidh rannóga na Comhairle.	Fiosrúchán faoi Bhealtaine 2006, Feidhmiú faoi Eanáir 2007 ag brath ar fhéidearthacht agus luach ar airgead



## Cuid 4: Feidhmiú

Deir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go ndéanfaidh comhlacht poiblí a bhíonn ag ullmhú dréachtScéim 'a chinntiú go bhfuil líon leordhóthanach dá fhoireann inniúil sa Ghaeilge chun go mbeidh siad in ann a sheirbhís a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla'. Sin lena chur ar chumas na Comhairle na seirbhís a gheallann sí a sholáthar go dátheangach sa Scéim seo nó in imeacht sraith scéimeanna a thabhairt i gcrích ag teacht le prionsabail na seirbhís ar ardchaighdeán do chustaiméirí. Tá an Chomhairle tiomanta seirbhís a sholáthar atá éifeachtach agus ar chaighdeán maith dá

cainteoirí Gaeilge. Chun sin a bhaint amach admhaíonn sí go gcaithfear líon dóthanach fostaithe a bhfuil Gaeilge acu agus a bheidh socruithe go straitéiseach a fhorbairt.

Chun na críche sin, déanfaidh an Chomhairle, i gcomhoibriú agus i gcomhar, nuair is cuí, leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, leis an bhfoireann agus lena gcomhlachtaí ionadaíochta athbhreithniú ar pholasaithe ar earcaíocht, suíomh agus oiliúint, agus cuirfidh sí i bhfeidhm iad. Beidh na gnómharta atá luaite thíos, ach ní gá gurb iad sin amháin, san áireamh

ann agus é mar chuspóir líon dóthanach foirne a oiliúint, a shuíomh agus a earcú a bheidh líofa chun seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge, chun na tiomantaí agus na cuspóirí a bhfuil tuairisc tugtha orthu sa Scéim seo a bhaint amach. Aithnítear na deacrachtaí a shamhlaítear le líon dóthanach foirne a earcú a bhfuil sainscileanna acu agus a bhfuil inniúlacht dhóthanach i nGaeilge acu agus beidh an tionchar a bheidh aige ar fheidhmiú chuspóirí na Scéime san áireamh in aon athbhreithniú ar an Scéim agus ar a dul chun cinn.

### 4.1. Freagracht & Riarachán

GNÍOMH	
4.1.1	Tá lánchead tugtha ag Foireann Bhainistíochta na Comhairle don Scéim seo.
4.1.2	Beidh an Bainisteoir Contae freagrach as feidhmiú foriomlán, monatóireacht agus athbhreithniú na Scéime seo.
4.1.3	Beidh na Stiúrthóirí Seirbhísí agus gráid analógacha freagrach as feidhmiú na Scéime laistigh dá Stiúrthóireachtaí/rannóga féin agus beidh siad freagrach as tuairisciú ar dhul chun cinn an fheidhmithe uair sa bhliain ar a laghad nó gach 6 mhí más gá.
4.1.4	Beidh ar gach stiúrthóireacht Plean Gnómháíochta a ullmhú nó mionsonraí a chur ina bpleananna gnómháíochta bliantúla de na gnómharta a bheidh riachtanach lena chinntiú go bhfeidhmeofar ceanglais na Scéime seo, mar aon le spriocdhátaí a chomhfhreagraíonn do na spriocdhátaí atá leagtha amach sa Scéim seo.
4.1.5	Féadfar Oifigeach Sinsearach laistigh de gach stiúrthóireacht/rannóg a ainmniú chun freagracht bhainistíochta a ghlacadh as feidhmiú laistigh de Stiúrthóireacht/rannóg.
4.1.6	Ainmneofar Oifigeach Sinsearach laistigh den Aonad Corparáideach agus Gnóthaí Cultúrtha chun comhordú a dhéanamh ar fheidhmiú corparáideach na Scéime don eagraíocht ina hiomláine agus chun feidhmíocht na Comhairle i dtabhairt i gcrích cheanglais na Scéime a mheas agus chun tuairisciú ar na nithe sin chuig an gComhairle agus más gá chuig an gCoimisinéir Teanga freisin.
4.1.7	Beidh an Stiúrthóir Seirbhísí atá freagrach do Chomhairle Baile freagrach as feidhmiú, monatóireacht agus athbhreithniú na Scéime seo sa Chomhairle Baile sin.
4.1.8	Leanfaidh an Chomhairle de sheirbhísí dátheangacha a fhorbairt dá chustaiméirí inmheánacha (an fhoireann, Comhairleoirí etc.) ag na ceanglais agus na caighdeáin chéanna a sholáthraítear do chustaiméirí seachtracha. Tabharfar an t-ábhar do gach roinn chun cabhrú le feidhmiú na Scéime Gaeilge ina leith sin.
4.1.9	Cinntoidh an tAonad Gnóthaí Corparáideacha go n-eiseofar treoirlínte de réir mar is cuí/gá maidir leis na gnéithe éagsúla atá san áireamh i bhfeidhmiú na Scéime seo ag teacht le prionsabail na Seirbhísí ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí.
4.1.10	Cinntoidh Stiúrthóireachtaí go mbeidh treoirlínte agus treoracha eile ar fáil don fhoireann a bhíonn páirteach i bhfeidhmiú na Scéime de réir mar is gá.

4.1.11	Breithneofar gearáin maidir le feidhmiú na Scéime agus déanfar bealaí chun deacrachtaí a réiteach a imscrúdú trí phróiseas comhpháirtíochta san áit oibre.
4.1.12	Cinntoidh Stiúrthóireachtaí/rannóga go gcuirfear ceanglais agus impleachtaí na Scéime in iúl do gach duine den fhoireann.
4.1.13	Beidh gnéithe Gaeilge sheirbhísí na Comhairle lánpháirtithe laistigh dá ghnáthphróisis riaracháin.

## 4.2 Oiliúint

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta a chinntiú go n-éireoidh leis an Scéim seo. Aithníonn sé dá bhí sin an tábhacht a bhaineann le hoiliúint Ghaeilge dá fostaithe. Aithnítear freisin go gcaithfear an oiliúint a chur in ord tosaíochta lena chinntiú go mbíonn na fostaithe sin a bhíonn ag an gcéad phointe teagmhála le háititheoirí an Chontae ar mian leo

Gaeilge a úsáid oilte le bheith muiníneach in úsáid na teanga. Baineann sé seo le fostaithe 'líne tosaigh' a mbíonn orthu freagra a thabhairt go rialta, ó bhéal agus i scríbhinn, ar iarrataí, fiosruithe, tuairimí agus gearáin.

**Tabhair ar Aird:** Tá sé thar a bheith soiléir sa Scéim seo cé go spreagfar fostaithe le tabhairt faoi leibhéal cuí oiliúna i nGaeilge nach mbeidh aon ghá ná brú orthu sin a dhéanamh.

Leanfaidh an Chomhairle de mhuintín agus inniúlacht fhoireann agus Chomhairleoirí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ina scileanna dátheangacha a ardú, agus a gcumas an Ghaeilge a úsáid ó bhéal agus i scríbhinn a mhéadú chun tacú le húsáid níos leithne scileanna dátheangacha i riarachán na Comhairle, agus chun an úsáid sin a éascú, ionas go bhféadfar fónamh don phobal go dátheangach.

### GNÍOMH

4.2.1	Spreagfar an fhoireann le freastal ar chúrsaí cuí atá dírithe ar úsáid na Gaeilge leis an bpobal ag an obair a éascú, de réir riachtanais a bpost.
4.2.2	Féachfaidh an Clár Oiliúna Gaeilge lena chinntiú go mbainfear an úsáid i éifeachtaí agus is éifeachtúla as am agus acmhainní. Spreagfar foghlaim Gaeilge le freastal ar ranganna cuí. D'fhéadfadh siad sin a bheith ina ranganna áitiúla arna n-eagrú ag an Údarás laistigh den lá oibre, nó más oiriúnaí sin a bheith ina ranganna tráthnóna nó ina ndianchúrsaí seachtaine/deireadh seachtaine.
4.2.3	Déanfar monatóireacht rialta ar dhul chun cinn na bhfoghlaimoírí.
4.2.4	Cinntoidh an rannóg T.F. go suiteálfar bogearraí foclóra Gaeilge reatha 1) dóibh sin a iarrann é 2) ar gach Ríomhaire atá ann cheana agus ar gach Ríomhaire nua i leathadh amach planáilte. Déileálfar le haon bhogearraí tacaíochta Gaeilge a gheobhaidh an Chomhairle ar an tslí chéanna.
4.2.5	Soláthróidh aonaid/rannóga cóipeanna de na foclóirí cuí dá bhfoireann.
4.2.6	Coinneofar an gá atá le hoiliúint a chur ar fáil trí Ghaeilge faoi athbhreithniú agus méadófar an méid oiliúna a thugtar de réir mar a éileoidh inniúlacht/riachtanais.
4.2.7	Chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na nAonad/rannóg a fheabhsú trí (1) a spleáchas ar sheirbhísí aistriúcháin a laghdú agus (2) scileanna teanga a chur chun cinn don fhoireann dhátheangach, cinntoidh gach aonad/rannóg go bhfuil scileanna dátheangacha dóthanacha den chaighdeán is gá chun déileáil le comhfhreagras ginearálta agus ábhar scríofa i mBéarla agus i nGaeilge acu, gan dul i muinín aistriúcháin inmheánaigh nó sheachtraigh.
4.2.8	Fiosróidh an Chomhairle an fiúntas a bhaineann le hoiliúint agus tacaíocht iomchuí a sholáthar d'oifigigh a bheidh ag baint níos mó úsáide as a scileanna dátheangacha chun úsáid bhogearraí aistriúcháin sa Chomhairle a leathnú.
4.2.9	Leanfaidh an Chomhairle de thacaíocht Ghaeilge a sholáthar don fhoireann i rannóg Gaeilge Inlíon na Comhairle le leabhráin de nathanna cainte, téarmaíocht, litreacha teimpléid, fógraí foirmeacha etc.
4.2.10	Spreagfar Oifigigh atá ag foghlaim Gaeilge í a úsáid gach uair a bhfaigheann siad deis gan easpa muiníne nó cleachtaidh a bheith ag cur isteach orthu. D'fhéadfaí maidineacha caife, Ciorcail Comhrá agus imeachtaí eile a eagrú chun tacú leis an bhfoireann atá ag foghlaim Gaeilge ina leith sin.
4.2.11	Spreagfar daoine den fhoireann agus Chomhairleoirí atá in ann cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge úsáid níos leithne a bhaint as an teanga ó bhéal agus i scríbhinn san áit oibre agus cúnaimh agus tacaíocht a thabhairt don fhoireann ar eol dóibh go bhfuil siad ag foghlaim Gaeilge maidir le húsáid na Gaeilge san áit oibre.

4.2.12	Spreagfar comhaltaí agus daoine gairmiúla den fhoireann a bhfuil ar a gcumas cumarsáid dhátheangach a dhéanamh le freastal ar sheimineáir agus ar chúrsaí ina réimsí faoi seach trí mheán na Gaeilge.
4.2.13	Cinnteoigh an Chomhairle go gcuirfear oiliúint Feasachta agus Íogaireachta Gaeilge ar fáil do na rannóga go léir.
4.2.14	Fiosróidh an Chomhairle an bhféadfadh sí Líonraí Oiliúna Gaeilge d'Údaráis Áitiúla a shocrú suas go náisiúnta nó go réigiúnach, nó a bheith páirteach iontu.
4.2.15	Spreagfaidh an Chomhairle comhlachtaí gairmiúla in Éirinn a sholáthraíonn cúrsaí oiliúna chun cúrsaí a fhorbairt a chabhróidh i bhfeidhmiú Scéimeanna Teanga in údaráis áitiúla ar fud na tíre, agus más féidir cabhróidh sí leo.
4.2.16	De réir mar a bhíonn gá leis de bharr feabhsú ar sheirbhísí i nGaeilge agus mar gheall ar an ngá le scileanna dátheangacha a bheith ag an bhfoireann, spreagfaidh an Chomhairle comhlachtaí gairmiúla a sholáthraíonn cúrsaí oiliúna in Éirinn cúrsaí a thabhairt trí mheán na Gaeilge.

### 4.3 An Fhoireann

GNÍOMH	
4.3.1	<p>Cinnteoigh an Chomhairle go mbeidh dóthain cainteoirí oilte dátheangacha cuí ag na hAonaid feidhmiúla a mbíonn teagmháil acu leis an bpobal, nó go mbeidh rochtain acu orthu, lena chinntiú gur féidir seirbhís iomlán a sholáthar trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an Bhéarla mar atá leagtha amach sa Scéim, agus i scéimeanna a leanfaidh í, laistigh de na spriodhataí reachtúla sonraithe.</p> <p>4.3.1.1. Déanfaidh Stiúrthóirí Seirbhíse agus cinn Rannóige i gcomhar leis an Roinn Acmhainní Daonna athbhreithniú leanúnach ar imthosca áit oibre agus seirbhíse ina mbíonn teagmháil leis an bpobal chun riachtanais teanga na seirbhísí a sholáthraíonn siad a shainiú.</p> <p>4.3.1.2. Agus iad á dhéanamh sin beidh ar a gcumas clár earcaíochta a chruthú a bheidh oiriúnach do cheanglais aonair na roinne.</p> <p>4.3.1.3. Cuirfidh an Straitéis seo ar chumas na Comhairle forléargas a choinneáil ar riachtanais agus acmhainní scileanna teanga agus gníomhaíochtaí oiliúna agus earcaíochta a chomhordú chun cuspóirí na Scéime seo (agus Scéimeanna amach anseo) a éascú.</p>
4.3.2	Beidh straitéis scileanna teanga san áireamh in aon Straitéis Acmhainní Daonna a chuirfidh ar chumas na Rannóige Acmhainní Daonna forléargas a choinneáil ar riachtanais agus acmhainní chun freastal ar na riachtanais a bhaineann le seirbhísí a thabhairt i gcrích go dátheangach don phobal ag teacht le prionsabail sheirbhísí ar ardchaighdeán do chustaiméirí agus an chairt custaiméirí laistigh de na spriodhataí atá leagtha amach sa Scéim seo nó i sraith Scéimeanna.
4.3.3	<p>Agus riachtanais scileanna Gaeilge na bpost á gcinneadh breithneoidh an Chomhairle</p> <p>4.3.3.1. Scileanna atá sainiúil don phost,</p> <p>4.3.3.2. Scileanna a éilíonn an fhoireann i gcoitinne,</p> <p>4.3.3.3. Fachtóirí cultúrtha, comhshaoil agus teanga atá nasctha le cineál scileanna teanga an phoist agus an phobail/réimse dá bhfónann sé.</p>
4.3.4	<p>Aon uair a bhíonn post folamh, cibé trí scor, éirí as an bpost nó aon chúis eile, agus aon uair a chruthaítear post nua, breithneoidh cinn rannóige riachtanais teanga an phoist a bheidh go ginearálta i gceann de thrí chatagóir agus cinnteoigh an Chomhairle, áit a gceideann sí gur cuí sin, fostaithe a labhraíonn Gaeilge a earcú chuig poist shainaitheanta.</p> <p>4.3.4.1. Poist Mheithle – Poist laistigh de mheithleacha ag soláthar seirbhíse don phobal áit ar gá scaipeadh na scileanna teanga a dhéanamh amach chun cuspóirí na Comhairle “a chur ar chumas gach duine a fhaigheann nó a úsáideann seirbhísí na Comhairle, sin a dhéanamh trí mheán na Gaeilge nó trí mheán an Bhéarla sa Chontae” a chomhlíonadh.</p> <p>4.3.4.2. Poist ainmnithe go haonar a bhféadfadh riachtanais scileanna dátheangacha bunriachtanach nó inmhianta a bheith acu áit ar chóir na ceanglais a bhreithniú mar aon leis an leibhéal cuí tuisceana, labhartha, scríbhneoireachta agus léitheoireachta i nGaeilge agus i mBéarla.</p> <p>4.3.4.3. Poist ina mbreithnítear nach bhfuil scileanna dátheangacha nó scileanna cumarsáide dátheangacha ábhartha.</p>

4.3.5	Bainfear dáileadh ar an bhfoireann dhátheangach amach trí earcú, trí chlár oiliúna don fhoireann ag gach leibhéal agus nuair is féidir trí chomhaontú foirne, atheagrú dualgas agus freagrachtaí nó athlonnú foirne.
4.3.6	Chun poist a shainaithint lena meastar go mbeadh an Ghaeilge bunriachtanach agus chun poist eile a shainaithint ina meastar an Ghaeilge a bheith inmhianta, scrúdóidh an Chomhairle a seirbhís agus a gcaidreamh leis an bpobal lena n-áirítear nádúr an phoist agus minicíocht na teagmhála leis an bpobal a labhraíonn Gaeilge. Cuirfear na ceanglais sin ansin san áireamh i bhfógraí earcaíochta agus i dtuairiscí poist.
4.3.7	Maidir le haon phost a bhaineann le ceantar Gaeltachta, a bhíonn ag déileáil le ceantar Gaeltachta nó a bhíonn bunaithe i gceantar Gaeltachta, measfar go mbeidh sé bunriachtanach go mbeadh líofacht/inniúlacht i nGaeilge de chaighdeán dóthanach ag oifigeach a chuirfeadh ar a chumas nó a cumas déileáil go compordach le cainteoir dúchais/líofa agus comhrá a dhéanamh go compordach leis nó léi.
4.3.8	Spregfaidh an Chomhairle fostaithe go gníomhach chun scileanna Gaeilge a fhorbairt agus chun glacadh le hathruithe réasúnacha i gcleachtais oibre chun feidhmiú agus oibriú éifeachtach na Scéime seo a éascú ag teacht le príonsabail sheirbhísí ar ardchaighdeán do chustaiméirí agus leis an gcairt custaiméirí. Thairis sin ní bheidh aon ghné den éigeantas nó brú ann ó thaobh na Comhairle de.
4.3.9	Fiosróidh an Chomhairle na deiseanna atá ar fáil di, agus déanfaidh sí dá réir, chun acmhainní comhchosúla le heagraíochtaí eile a chomhroinnt.

### 4.4 Earcú

GNÍOMH	
4.4.1	Mar atá i bhfeidhm ar scála níos lú faoi láthair, beidh cumas teanga ar cheann de roinnt scileanna a mheasfar i gceapacháin foirne.
4.4.2	Áit a meastar go mbeidh scileanna cumarsáide trí mheán na Gaeilge nó trí mheán an Bhéarla bunriachtanach nó inmhianta d'aon phost, beidh sé sin sonraithe i sonraíocht an phoist agus san fhógraíocht nuair a bheifear ag earcú don phost sin.
4.4.3	I gcás na bpost bunriachtanach, beidh an cumas cumarsáid a dhéanamh go dátheangach trí Ghaeilge agus trí Bhéarla bunriachtanach. Déanfar leibhéal scileanna teanga na n-iarratasóirí dátheangacha a bhreithniú mar scil bhunriachtanach.
4.4.4	I gcás go mbíonn dhá iarrthóir ar phost ina mbíonn an cumas cumarsáid a dhéanamh go dátheangach inmhianta agus go mbíonn cáilíochtaí bunúsacha agus taithí comhionann acu, measfar an cumas cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge agus trí Bhéarla mar scil bhreise.
4.4.5	Beidh scileanna dátheangacha ó bhéal agus i scríbhinn sonraithe i sonraíocht an phoist agus san fhógraíocht.
4.4.6	Beidh fáil ar thuiriscí poist, sonraíochtaí poist agus foirmeacha iarratais i nGaeilge nó go dátheangach agus beidh agallaimh do phoist ina bhfuil an Ghaeilge bunriachtanach i nGaeilge nó go dátheangach.
4.4.7	Féadfar agallaimh d'aon phost a dhéanamh i nGaeilge nó go dátheangach ar iarratas ón té a bheidh faoi agallamh.
4.4.8	Dá mba ghá duine nach labhraíonn Gaeilge a cheapadh i bpost dá meastar go bhfuil an cumas cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge agus trí Bhéarla bunriachtanach, bheadh sé mar choinníoll fostaíochta go bhfoghlaimeodh an duine sin an teanga go dtí an leibhéal riachtanach laistigh de thréimhse comhaontaithe agus le tacaíocht na Comhairle.
4.4.9	Tabharfar eolas do gach duine nua ar an bhfoireann faoin Scéim Teanga agus na himpleachtaí atá aici ar an tslí a ndéanfaidh siad a bpost mar chuid den oiliúint insealbhaithe.
4.4.10	Tabharfar poiblíocht go bhfáiltítear, de réir an chleachtais comhdheiseanna, roimh chainteoirí Gaeilge, roimh dhaoine a bhfuil ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh go dátheangach agus roimh chainteoirí Béarla araon a bheith ar an bhfórsa saothair.
4.4.11	I gcás go meastar go bhfuil an Ghaeilge bunriachtanach do phost ar leith, is i nGaeilge amháin a bheidh an fógra earcaíochta agus d'fhéadfadh míniú achomair i mBéarla a bheith ann freisin. Ba chóir go luafadh fógraí den sórt sin go mbeadh ar dhaoine nach cainteoirí Gaeilge iad agus ar mian leo cur isteach ar an bpost geallúint a thabhairt go bhfoghlaimeoidh siad an teanga (go dtí an leibhéal cú inniúlachta) laistigh de 2/3 bliana ón tráth a gceapfaí iad mar atá sonraithe thuas.

4.4.12	I gcás go meastar go bhfuil an Ghaeilge inmhianta do phost ar leith beidh an fógra earcaíochta go hiomlán dátheangach.
4.4.13	I gcás nach ceanglas do phost ar leith í an Ghaeilge, beidh na fógraí i mBéarla agus beidh míniú achomair i nGaeilge mar aon le ráiteas faoi thiomantas don Scéim Ghaeilge. Ní bheidh sé sin ar mhírén lena bhféadfadh a bheith in aon rialacháin arna ndéanamh faoin Acht maidir le fógraíocht.
4.4.14	Cinntoidh an Chomhairle go mbeidh post bunriachtanach Gaeilge breise ainmnithe i ngach rannóg den Chomhairle laistigh de Shaolré na Scéime seo agus ceann amháin eile ar a laghad laistigh de shaolré dhá scéim.
4.4.15	Déanfar na critéir don agallamh Gaeilge do chreidmheas breise 3% nó 6% sa phróiseas agallaimh a mhodhnú chun tiomantais na scéime a léiriú.
4.4.16	Beidh gach a bhfuil thuas ag teacht leis na polasaithe earcaíochta náisiúnta agus leis an reachtaíocht fostaíochta iomchuí.

## *Cuid 5: Monatóireacht & Athbhreithniú*

Tá cur síos déanta ar an bhfreagracht do mmonatóireacht agus athbhreithniú na Scéime in ailt 1.4 agus 4.1. Déanfar an cur i bhfeidhm, gníomhú agus athbhreithniú ar dhul chun cinn a chur i gcrích trí ghnáthmhodhanna an Údaráis Áitiúil. Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis An gCoimisinéir Teanga

freisin nuair a bheidh modh éifeachtach agus úsáideach monatóireachta agus athbhreithnithe d'fheidhmiú na Scéime á dhéanamh.

Is féidir leis an gComhairle machnamh a dhéanamh ar Tháscairí Seirbhísí cuí a bhunú a fhéadfar a úsáid go

héifeachtach le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn trí na modhanna thuasluaite. Is féidir tuairisciú a dhéanamh ar na táscairí seirbhísí sin ar a laghad go bliantúil nó chuile sé mhí más gá. Is féidir táscairí seirbhísí nua a thionscnamh nó cuid a scriosadh má bhíonn siad gan éifeacht nó gan chiall.

## *Cuid 6: Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe*

Déanfar poiblíocht ar a bhfuil sa scéim seo mar aon le tiomantais agus forálacha na scéime don phobal i gcoitinne ar na slite seo a leanas:

- Preas-Ráiteas.
- Seoladh Oifigiúil agus glacadh leis an scéim ag an gComhairle.
- Poiblíú a dhéanamh ar fhorálacha na Scéime
- Scaipeadh chuig na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí poiblí cuí.

- An Scéim a bheith ar fáil agus rochtain éasca chuig an Scéim ar shuíomh idirlín na Comhairle.

Déanfar poiblíocht ar na seirbhísí nua agus feabhsaithe trí Ghaeilge a thosaítear don phobal ar a bhfuil siad dírithe.

Cuirfear tuairiscí ar chur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú na Scéime mar atá leagtha amach roimhe seo ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle agus ar shuíomh idirlín na Comhairle.

Tá cóip den Scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

## Aguisín 1 – Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Is sliocht é seo leanas as Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a bhaineann le comhlachtaí poiblí agus an Scéim seo.

### CUID 3 - Comhlachtaí Poiblí

9. (1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, a fhoráil gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, mhéid a bheidh sonraithe, a bheidh fógartí béil (cibé acu beo nó taifeadta) arna ndéanamh ag comhlacht poiblí, ceanteidil stáiseanóireachta a úsáideann comhlacht poiblí agus ábhar agus leagan amach aon chomharthaí nó fógrán dá chuid agus féadfar forálacha éagsúla a dhéanamh i ndáil le haicmí éagsúla comhlachta, fógartí béil, stáiseanóireachta, comharthaí nó fógrán.
- (2) I gcás ina ndéanfaidh duine cumarsáid i dteanga oifigiúil le comhlacht poiblí, i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach, freagróidh an comhlacht poiblí sa teanga chéanna.
- (3) I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid..
10. D'ainneoin aon achtacháin eile, déanfaidh comhlacht poiblí (seachas comhlacht, eagraíocht nó grúpa a bheidh forordaithe de bhun rialachán chun críocha chlásal (b) de mhír 1(5) den Chéad Sceideal) na doiciméid seo a leanas, a dhéanfaidh sé nó a dhéanfar faoina údarás, a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla:
- (a) aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí;
- (b) aon tuarascáil bhliantúil;
- (c) aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais;
- (d) aon ráiteas straitéise a cheanglaítear a ullmhú faoi alt 5 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997; agus
- (e) aon doiciméad de thuirisc nó d'aicme a bheidh forordaithe de thuras na huaire, le toiliú an Aire Airgeadais agus cibé Aire eile (más ann) den Rialtas is cuí leis an Aire ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin den Rialtas, agus is doiciméad de thuirisc nó d'aicme a bhfuil, i dtuairim an Aire, tábhacht mhór phoiblí ag baint leis.
11. (1) D'fhonn úsáid na Gaeilge a chur chun cinn chun críoch oifigiúil sa Stát, féadfaidh an tAire, le fógra i scríbhinn chuig ceann comhlachta phoiblí, a cheangal ar an gcomhlacht poiblí dréacht-scéim a ullmhú agus a thíolacadh dó nó di lena daingniú laistigh de cibé tréimhse ama (nach faide ná 6 mhí ó dháta eisithe an fhógra) a bheidh sonraithe san fhógra, ar dréacht-scéim í ina sonrúfar—
- (a) na seirbhísí a bheartaíonn an comhlacht poiblí a sholáthar—
- (i) trí mheán na Gaeilge amháin,
- (ii) trí mheán an Bhéarla amháin, agus
- (iii) trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon,,
- agus
- (b) na bearta a bheartaíonn an comhlacht a ghlacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhísí nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh.
- (2) (a) Sonrófar i ndr éacht-scéim dá dtagraítear i bhfo-alt (1) na modhanna cumarsáide atá le soláthar sa Ghaeilge amháin, sa Bhéarla amháin agus sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon.
- (b) San alt seo, ciallaíonn “modhanna cumarsáide” na modhanna cumarsáide idir an comhlacht lena mbaineann agus an pobal i gcoitinne nó grúpaí nó daoine ar leithligh den phobal i ndáil leis na seirbhísí lena mbaineann, i ndáil le soláthar na seirbhísí agus i ndáil le faisnéis a bhaineann leis na seirbhísí nó leis an soláthar sin.
- (3) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a ordú do chomhlacht poiblí, i ndáil leis na seirbhísí sin dá chuid a sheachadtar trí mheán an Bhéarla amháin, plean a tharraingt suas chun na seirbhísí sin a sheachadadh trí mheán na Gaeilge chomh maith, mar aon le meastachán a thabhairt ar an tréimhse ama is gá chun an plean a chur i ngníomh.
- (4) Beidh cóip de na treoirlínte reatha arna n-eisiúint ag an Aire faoi alt 12 ag gabháil le fógra faoi fho-alt (1).
- (5) Féadfar fógraí éagsúla a thabhairt do cheann comhlachta phoiblí faoin alt seo i leith seirbhísí éagsúla.
- .....
13. (1) Ar fhógra faoi alt 11 a fháil, déanfaidh comhlacht poiblí—
- (a) fógra a fhoilsiú á rá go bhfuil ar intinn aige dréacht-scéim a ullmhú agus uiríll a lorg ó aon pháirtithe leasmhara, agus
- (b) laistigh den tréimhse ama a bheidh sonraithe san fhógra, dréacht-scéim a ullmhú agus a thíolacadh don Aire lena daingniú.
- (2) Le linn dréacht-scéim a ullmhú, déanfaidh an comhlacht poiblí—
- (a) aird a thabhairt ar aon treoirlínte arna n-eisiúint faoi alt 12 agus atá i bhfeidhm,
- (b) aird a thabhairt ar aon uiríll arna ndéanamh ag aon pháirtí leasmhar faoi fho-alt (1),
- (c) a chinntiú go bhfuil líon leordhóthanach dá fhoireann inniúil sa Ghaeilge chun go mbeidh siad in ann a sheirbhís a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla,
- (d) a chinntiú go bhfreastalófar ar na riachtanais áirithe Gaeilge a bhaineann le seirbhísí a sholáthar i limistéir Ghaeltachta,
- (e) a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge ina teanga oibre ina chuid oifigí sa Ghaeltacht tráth nach déanaí ná cibé dáta a chinneadh sé le toiliú an Aire.
- (3) Ní bheidh i ndr éacht-scéim ach cibé nithe a cheanglaítear a shonrú faoi fho-alt (1) agus (2) d'alt 11.

## Aguisín 2 - Plean Gníomhaíochta Custaiméirí

Is sliocht é seo leanas ó Customer Service Action Plan 2005 – 2009 Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá i bhfeidhm faoi láthair agus a leagann amach prionsabail de seirbhís custaiméara d'ardchaighdeán atá glactha ag an gComhairle.

### PRIONSABAIL ÁR SEIRBHÍS CHUSTAIMÉARA

**R**ogha agus Cúirtéis

#### Tionscnaimh Sheirbhísí Caighdeánacha

Déanfaidh muid forbairt ar thionscnaimh chun tacú le seachadadh seirbhíse feabhsaithe agus sásamh custaiméara

#### COMHORDÚ AR SHEACHADADH SEIRBHÍSE

Tuigeann muid go bhfuil gá le seirbhís 'ceangailte suas' a fhorbairt

#### Rochtain chuig seirbhísí

Tuigeann muid go bhféadfaidh rochtain chuig ár seirbhísí a fheabhsú agus a fhorbairt

**R**ochtain agus Feasacht

#### Gearáin agus Leigheas

Áiseofar tú chun muid a chur ar an eolas faoi chéard a cheapann tú faoinár seirbhísí

#### FOIREANN

Cuirfidh muid deiseanna feabhsaithe ar fáil d'ár bhfoireann chun a bheith rannpháirteach i seirbhísí caighdeánacha a sholáthar

Déanfaidh Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe iarracht seirbhísí caighdeánacha, sofhreagracha, infhaighte agus ábhartha a sholáthar tríd tuiscint agusfeasacht fheabhsaithe ar riachtanais ár gcustaiméirí

#### CUMARSÁID

Tuigeann muid go bhfuil muid in ann cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh agus ar bhealaí difriúla leat.

#### COMHAIRLEACHT

Tuigeann muid go gcabhróidh do chuid tuairimí linn ab níos fearr a dhéanamh

#### EOLAS

Tuigeann muid go gcaithfear eolas a sholáthar ar bhealach atá feiliúnach dod riachtanais

#### Cothromaíocht & Éagsúlacht

Tabharfaidh muid faoi cur chuige a chuireann éagsúlacht san áireamh chomh maith lena cheiliúradh

**M**eas agus Sofhreagracht

**É**ifeachtacht Agus Cothromaíocht



## An méid is féidir leat a bheith ag súil leis uainn

Tá tú i dteideal soiléireacht maidir le soláthar seirbhíse, trédhearcacht inár gcinnteoireacht, éifeacht agus éifeachtacht in ár gcuid oibríochtaí, rochtain chuig ár seirbhísí agus áiseanna agus seirbhís shofhreagrach maidir le imthoscaí áitiúla. Tá caighdeán cháilithe sheirbhíse a bheith i bhfeidhm agus á gcaomhnú tuillte agat. Cabhróidh muid leat a bheith rannpháirteach i do phobal áitiúil. Déanfaidh muid iarracht an bonneagar eacnamaíochta, sóisialta, timpeallachta agus cultúrtha riachtanach a sholáthar duitse agus do do

phobal chun go mbeidh do cheantar mar áit níos fearr le maireachtáil ann.

Déanfaidh muid cur chuige láidir páirtíochta a fhorbairt leat agus tá tiomantas againn maidir le cáilíocht na seirbhíse a chuireann muid ar fáil a fheabhsú. Tá tiomantas againn caighdeán den chleachtas is fearr a chur i bhfeidhm rud a chiallaíonn go mbeidh muid ag iarraidh plé leat go ceart, go cothrom agus go neamhchlaonta. Tuigeann muid go

gcuireann muid go leor feidhmeanna tábhachtacha ar fáil a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chaighdeán maireachtála agus ar bhrí phobail. Glacann muid leis an bhfreagracht sin agus cinnteoidh muid go gcuirfear seirbhísí ar fáil laistigh de phrionsabail aontaithe agus go gcomhlíonfar tiomantais maidir le seirbhís chustaiméara. Ba mhaith linn a bheith curtha ar an eolas má thiteann caighdeán na seirbhíse faoi leibhéal inghlactha sa chaoi gur féidir í a fheabhsú.

### NUAIR ATÁ SEIRBHÍS Á SOLÁTHAR AR AN BHFÓN:

- Déanfaidh muid cinnte go bhfuil foireann ar fáil chun glacadh le do ghlaoch le linn gnáthuaireanta oscailte.
- Beidh muid cabhrach agus cuirfidh muid eolas soiléir, cruinn agus beacht ar fáil.
- Cuirfidh muid uimhir theagmhála ar fáil chun leanacht leis.
- Tabharfaidh muid freagra ar do ghlaoch le cúirtéis agus meas.
- Cuirfidh muid tú i dteagmháil leis an duine is feiliúnaí chun plé le d'fhiosrúchán chomh tapaigh agus is féidir.
- Tógfaidh muid sonraí agus glaofaídh muid ar ais mura bhfuil sé ar ár gcumas plé le d'fhiosrúchán láithreach.
- Cuirfidh muid tú i dteagmháil le ball foirne atá in ann plé le d'fhiosrúchán trí Ghaeilge.
- Déanfaidh muid iarracht teacht ar ais chugat laistigh de 24 uaire a chloig.
- Cuirfidh muid eolas seirbhíse taifeadta ar fáil do chustaiméirí 'glaog ag fanacht'.

### I GCOMHFHREAGRAS SCRÍOFA NÓ RPHOIST LEAT:

- Déanfaidh muid iarracht teanga shoiléir agus shimplí a úsáid agus téarmaíocht theicniúil a choinneáil chomh híseal agus is féidir.
- Admhóidh muid gach comhfhreagras (litir, facs, rphost) laistigh de 5 lá oibre agus déanfaidh muid iarracht freagra a thabhairt laistigh de 15 lá nó níos lú.
- Déanfaidh muid cinnte go bhfuil ainm an scríbhneora, uimhir theagmhála, seoladh rphoist agus uimhir thagartha chomhaid inaitheanta in aon fhreagra ar chomhfhreagras.
- Déanfaidh muid socrúithe chun cinntiú nach mbeidh comhfhreagras gan fhreagra má tá daoine as láthair.
- Cuirfidh muid in iúl duit le freagra rphoist 'as an oifig' má tá ball foirne as láthair ar feadh níos mó ná 3 lá oibre agus cuirfidh muid uimhir theagmhála eile ar fáil más fiosrúchán práinneach atá agat.

### MÁ THUGANN TÚ CUAIRT AR CHEANN D'ÁR GCUID LEABHARLANN:

- Beidh meas againn ar riachtanais ár léitheoirí agus cuirfear fáilte roimh chách.
- Caithfear le gach léitheoir le dignit agus meas agus tabharfar neart aird air nó uirthi.
- Cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil más seo do chéad chuairt ar an Leabharlann.
- Cabhrófar leat teacht ar ábhar i leaganacha éagsúla atá feiliúnach do do chuid riachtanas.
- Beidh ár gcuid leabharlanna go léir mar áit speisialta do pháistí agus beidh ár gcuid seirbhísí go léir oscailte agus inrochtana do chách.

### MÁ CHUIREANN TÚ ISTEACH AR CHEANN D'ÁR GCUID SEIRBHÍSÍ:

- Déanfaidh muid cinnte go mbeidh foirmeacha iarratais i gcló ar bhealach cairdiúil don úsáideoir agus iad ar fáil go forleathan.
- Míneofar go cruinn agus i dteanga éasca an méid atá riachtanach chun úsáid a bhaint as seirbhís.
- Ní iarrfar ach eolas ábhartha uait.
- Cinnteofar nach mbainfear úsáid as aon sonraí pearsanta a aimsíonn muid ach don chuspóir a lorgaíodh é.
- Cuirfear eolas cruinn agus beacht ar fáil duit faoi chonas an fhoirm iarratais a chomhlánú.
- Tabharfar admháil maidir le d'iarratas laistigh de scálaí ama aontaithe.
- Cuirfear in iúl duit faoi thoradh d'iarratas i scríbhinn agus na cúiseanna, más cuí, nár éirigh le d'iarratas.

### MÁ THUGANN TÚ CUAIRT AR CHEANN D'ÁR GCUID OIFIGÍ:

- Casfaidh muid leat in am má tá coinne déanta agat.
- Beidh meas againn ar do phríobháideachas agus cuirfidh muid áiseanna cruinnithe príobháidigh ar fáil más gá.
- Caithfidh muid leat ar bhealach béasach, cúirtéiseach agus cothrom.
- Pléfaidh muid le d'fhiosrúchán agus cuirfidh muid an t-eolas cuí ar fáil chomh tapaigh agus is féidir.
- Coinneoidh muid ár n-oifigí glan agus sábháilte agus coinneoidh muid am scuaine do sheirbhís chomh gearr agus is féidir.
- Cuirfidh muid rochtain chuig ár seirbhís ar fáil.

### MÁ TÁ SEIRBHÍS TRÍ GHAELGE UAIT:

- Déanfar cinnte go bhfuil gach bróisiúr, bileog eolais, foirm iarratais agus doiciméad polasaí ar fáil trí Ghaeilge chun cloí le coinníollacha An Scéim Teanga 2005-2008.
- Déanfar cinnte go dtabharfar freagra ar aon chomhfhreagra a fhaightear i dteanga na bunlitreach. Leanfar le haon chomhfhreagra breise sa teanga chéanna.
- Déanfar cinnte go mbeidh aon seirbhís nua TF idirghníomhacha, go hiomlán dhátheangach.
- Tabharfar isteach córais fhreagra fóin uathoibre a bheas go hiomlán dhátheangach agus a chuirfidh glaoiteoirí ar aghaidh go leictreonach (tríd roghanna brú toin) chuig áit a bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil.
- Déanfar cinnte go bhfuil gach cuntar poiblí ag fógairt na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil ón gcuntar sin agus réimse na seirbhísí sin. Glacfar san áit nach bhfuil aon chomhartha mar seo ann go mbeidh na seirbhísí go hiomlán dhátheangach.

Tá mórlacht thionscnamh na seirbhísí custaiméara seo i bhfeidhm faoi láthair agus ar fáil ar fud ár líonra oifige agus beidh na tionscnaimh á gcur i bhfeidhm le linn tréimhse an phlean seo. Tá sonraí beacht cúram

custaiméara maidir le soláthar seirbhís trí Ghaeilge ar fáil sa *Scéim Teanga 2005-2008*. Tabharfar tiomantais sheirbhíse nua isteach ar bhonn céimithe lena n-áirítear feabhsúcháin ar ár gcórais agus próisis fhóin.

Cuirfear feabhas ar rochtain chuig ár n-oifigí le reachtaíocht ábhartha míchumais agus i gcomhair le leathnú seirbhísí in ár n-oifigí réigiúnacha. Cuirfear imeachtaí láimhseáil gearán nua i bhfeidhm láithreach.

*Caighdeáin Seachadta ár Seirbhísí**Tithíocht*

SEIRBHÍS	AM FREAGARTHA
Admháil ar iarratas iasacht tithíochta/iarratas aistrithe agus abair faoi imeachtaí.	Laistigh de 1 seachtain
Admháil ar iarratas iasacht tithíochta agus abair faoi aon fhaillí.	Laistigh de 1 seachtain
Socrú a dhéanamh ar iarrthóir iasachta nuair atá na sonraí go léir curtha ar fáil.	Laistigh de 1 seachtain
Admháil ar iasacht Úinéireacht Roinnte agus abair faoi aon fhaillí.	Laistigh de 1 seachtain
Socrú a dhéanamh agallamh a chur ar iarrthóir úinéireacht roinnte nuair atá na sonraí go léir curtha ar fáil.	Laistigh de 3 seachtaine
Admháil iarratais agus abair faoi aon fhaillí sa Deontas do Dhaoine Míchumasacha.	Laistigh de 1 seachtain
Abair le hiarrthóir Deontas do Dhaoine Míchumasacha faoi mholadh/imeachtaí nuair a fhaightear tuairisc an oifigigh leighis.	Laistigh de 3 seachtaine
Admháil faoi iarratas do Dheontas Deisiúcháin Riachtanacha.	Laistigh de 1 seachtain
Admháil ar iarratas do Cheadúnas Morgáiste/éiligh sonraí breise.	Laistigh de 1 seachtain

*Bóithre & Iompar*

SEIRBHÍS	AM FREAGARTHA
Deisiúcháin Choiríní.	
(a) Bóithre Náisiúnta & Bóithre áit a bhíonn an trácht laethúil níos mó ná 5000.	Laistigh de 2 lá oibre tar éis fógraithe.
(b) Bóithre Réigiúnacha (trácht laethúil idir 3000 - 5000).	Laistigh de 5 lá oibre
(c) Príomhbhóithre & Bóithre Tánaisteacha Réigiúnacha & Áitiúla ( trácht laethúil idir 250 – 2999).	Laistigh de 10 lá oibre
(d) Treasbhóithre áitiúla agus Bóithre áitiúla (trácht laethúil níos lú ná 250).	Laistigh de 20 lá oibre
Admháil ar iarratais le linn éigeandála agus rá le gearánaithe faoi ghníomhaíocht phleanáilte.	Ar chasadh an phoist
Freagra ar tuile éigeandála i dtithe/struchtúir.	Ar bhonn tosaíochta

*Pleanáil & Forbairt Inmharthana*

SEIRBHÍS	AM FREAGARTHA
Eisiúint ar chinnidh phleanála.	Roimh spriocdáta reachtúil
Scrúduithe Smacht Thógála.	Dul thar 12%-15% scrúduithe molta d' fhógraí bailí tosaithe a fuaireadh.
Cruinnithe comhairlithe pleanála a tionóladh in oifigí ceantair Bhéal Átha na Slua agus Baile Locha Riach.	Uair sa tseachtain
Cruinnithe comhairlithe pleanála do Thuaisceart/Deisceart Chonamara, Tuaim agus Órán Mór a tionóladh in Áras an Chontae.	Uair sa tseachtain
Clárú agus admháil ar iarratais phleanála.	Laistigh de 7 lá
Iarratais curtha ar aghaidh chuig Eagrais Reachtúla.	Laistigh de 2 seachtaine
Doiciméid curtha faoi bhráid An Bhoird Phleanála.	Laistigh de 14 lá
Admháil gearán faoi fhorbairt neamhúdaraithe.	Laistigh de 14 lá

*Seirbhísí Timpeallachta, Uisce & Éigeandála*

SEIRBHÍS	AM FREAGARTHA
Scrúdú ar dhumpáil mídleathach agus truailliú uisce.	Tosaíocht agus freagra gearán laistigh de 3 lá oibre nó níos lú ag brath ar chomh dáiríre is atá sé. Tugtar freagra ar ghearáin dháiríre truaillithe ar an lá céanna
Muiríneoir Tí Recycone a sheachadadh do cheannaitheoirí.	Laistigh de 2 seachtaine
Eolas um bhainistiú dramhíola a eisiúint do líon tí.	Dhá uair sa bhliain
Am Freagartha Bardach Madraí.	Tosaíocht tugtha don ghearán agus freagra Laistigh de 3 lá oibre nó níos lú
Admháil ar iarratas ar dháileadh uisce as scéimeanna uisce poiblí reatha.	Laistigh de 1 seachtain.
Cinneadh faoi dháileadh uisce as scéimeanna uisce poiblí reatha.	Laistigh de 4 seachtaine
Scrúdú ar ghearán faoi gan aon soláthar uisce.	Laistigh de 4 uaireanta oibre
Scrúdú ar ghearán faoi 'brú bocht' nó 'gan aon soláthar le linn éileamh buaice'.	Laistigh de 4 uaireanta oibre
Scrúdú ar ghearán faoi chaighdeán uisce tí (soláthar uisce poiblí).	Laistigh de 4 uaireanta oibre
Scrúdú ar ghearán faoi 'séarachas blocáilte'.	Laistigh de 4 uaireanta oibre
Déantar scrúdú, deimhniú ar thuiriscí faighte ag comhairleoirí faoi Chláracha Capitil agus cuirtear iad faoi bhráid RCORÁ.	Laistigh de 1 mí ón admháil
Pléitear ceisteanna a ardaíonn RCORÁ faoi thuiriscí seachadta.	Laistigh de 3 seachtaine ón admháil
Freagra ón tSeirbhís Dóiteáin do Shlógadh Éigeandála.	Lán-aimseartha sa Chathair laistigh de 1-2 nóiméad. Coinnithe sa Chathair & Contae laistigh de 5-6 nóiméad
Oifigeach Dóiteáin Sinsearach ar dualgas, cabhair ag tinte nó éigeandáil eile lena n-áirítear Mór-Éigeandáil.	Freagra laistigh de 10 nóiméad agus freastal laistigh de 2 uaire má tá sin riachtanach
Cigireacht Sheirbhís Dhóiteáin ar áitreabh tar éis gearán scríofa a fháil ón bpobal.	Tosaíocht ar ghearán agus freagra laistigh de 10 lá oibre nó níos lú ag brath ar an tosaíocht. Tosaíocht ar ghearáin chriticiúla shaoil freagra laistigh de lá amháin oibre

Coinne comhairleoireachta le ball den phobal/ comhairleoir faoi chúrsaí slándáil dóiteáin.	Tosaíocht agus freagra laistigh de 2 seachtaine ón iarratas
Tástáil substaintí dainséaracha (peitreal).	Tosaíocht agus freagra laistigh de sheachtain amháin ón iarratas
Scrúduithe shlándáil dóiteáin ar ionad tionóil phoiblí ag ceadúnú bliantúil.	Tosaíocht déanta ar Iarratais. Laistigh de 4 seachtaine do scrúduithe bhliantúla cheadúnais ar iarratais cheadúnais roghnaithe.
Próiseáil ar iarratais do theastas shlándáil dóiteáin.	Laistigh de thréimhse reachtúil 2 mí
Oideachas faoi shlándáil dóiteáin nó traenáil don phobal.	Tosaíocht agus freagra laistigh de 6 seachtaine ón iarratas trí shocrú

### *Gnóthaí Corporáideacha & Cultúrtha*

SEIRBHÍS	AM FREAGARtha
Fógra faoi thorthaí ar agallaimh phoist.	Laistigh de 2 seachtaine
Íocaíocht éirí as.	An chéad rith íocaíocht tar éis dáta éirí as
Fiosrúcháin ghinearálta fhoirne.	Laistigh de 1 seachtain
Clár Togthóirí.	Ag cloí le spriodátaí reachtúla
Íocaíocht ar Dheontais Ardoideachais.	De réir dátaí sceideal íocaíochtaí deontais
Freagra Sheirbhís na Leabharlainne ar éileamh eolais.	Laistigh de 1 seachtain mura bhfuil ar fáil láithreach
Comhairle Sheirbhís Leabharlainne ar leabhair agus léitheoireacht.	Laistigh de 1 seachtain mura bhfuil ar fáil láithreach
Eisiúint Cheadúnais Chorrthrádála.	Laistigh de 3 seachtaine

### *Forbairt Pobail, Fiontraíochta & Eacnamaíochta*

SEIRBHÍS	AM FREAGARtha
Comhairle faoi cheisteanna rannpháirtíocht, comhaireamh sóisialta, forbairt áitiúil eacnamaíochta agus pobail.	Laistigh de 5 lá oibre
Íocaíocht ar Dheontais Fhorbartha Eacnamaíochta bunaithe sa Phobal, Fóntais agus Ealaíon.	Laistigh de 10 lá oibre ó éileamh comhlánaithe agus cloí le coinníollacha
Fógra faoi chláir maoinithe áitiúla agus náisiúnta bunaithe san eacnamaíocht agus sa phobal.	Fógra 10 lá oibre
Timpeallú Nuachtlitir CDB.	Dhá uair sa bhliain

### *Airgeadas*

SEIRBHÍS	AM FREAGARtha
Próiseáil ar athnuachan cáin fheithicil phoist.	3-5 lá
Próiseáil ar iarratais cheadúnais tiomána tríd an bpost.	3-5 lá
Íocaíocht éifeachtach ar chuntais iníoctha.	Ag cloí le riachtanais Phras-Íocaíochtaí

## Aguisín 3: Scéim Teanga Chomhairle Chontae na Gaillimhe — Achoimre ar aighneachtaí a fuarthas

Méid aighneachtaí a fuarthas = 39

Liosta na ndaoine/eagraíochtaí a sheol aighneachtaí

AINM	UIMH. TAG.	AINM	UIMH. TAG.
Grúpa Fócais do Fhóram Pobail Chontae na Gaillimhe	ScéimT05-01	Éamonn Ó Gribín, 11 Ardáin an Bhreathnaigh, Iúr Cinn Trá, Co. an Dúin. BT35 8DH	ScéimT05-21
RTÉ Raidió na Gaeltachta – Edel Ní Chuireáin	ScéimT05-02	Coiste Ghlór na nGael An Spidéil, - Eoin Ó Droighneán.	ScéimT05-22
Port Láirge le Gaolainn Teo. – Traolach Ó Braoin	ScéimT05-03	Treasa Ní Fhlatharta	ScéimT05-23
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta	ScéimT05-04	Muintearas – Seán Ó Coisdealbha	ScéimT05-24
Éamonn Ó Malóid, Carna	ScéimT05-05	Colm Ó Coisdealbha, Coill Rua, Indreabhán	ScéimT05-25
Cumas Teo., Ros Muc	ScéimT05-06	Scoil Uí Cheithearnaigh, Béal Átha na Sluaighe – Ruairí Ó hAnluain	ScéimT05-26
Comhairle Ceantair na nOileán – Seán Ó Drisceoil	ScéimT05-07	Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge	ScéimT05-27
Éamonn Ó Curraoin, Baile Bhrudair, Baile Locha Riach	ScéimT05-08	Pádraig Ó Baoill, Gleann na Sceiche, Baile Locha Riach.	ScéimT05-28
Máirtín Ó Tuairisc, Corr na Móna	ScéimT05-09	Betí Uí Bhaoill, Teach Mór thoir, Indreabhán.	ScéimT05-29
Comharchumann Shailearna Teo. – Morgan Ó Conchubhair	ScéimT05-10	Anraí Ó Flathúin, Caorán, Baile na hAbhann.	ScéimT05-30
Gaelscoil Iarfhiltha, Tuaim – Colm Breathnach	ScéimT05-11	Eoin Ó Riain, Caorán na gCearc, Baile na hAbhann	ScéimT05-31
Gaillimh le Gaeilge	ScéimT05-12	Conradh na Gaeilge, Maigh Cuilinn - Loretta Ní Ghabháin	ScéimT05-32
Siobhán Nic Gaoithín, 45 Sráid Dominic, Gaillimh	ScéimT05-13	Coiste Dúiche na Gaillimhe, Conradh na Gaeilge – Peadar MacFhlannchadha	ScéimT05-33
Jimí Ó Lorcáin, Baile an tSléibhe, Ros a'Mhíl, Baile na hAbhann	ScéimT05-14	Cumann Forbartha Chois Fharráige – Brian Ó Baoill	ScéimT05-34
Eoghainín Ó hAinmhire, Teach Mór, Indreabhán	ScéimT05-15	Neasa Ní Chualáin	ScéimT05-35
Coiste Pobail Ros an Mhíl – Treasa Uí Lorcáin	ScéimT05-16	John Walsh	ScéimT05-36
Maree Ní Ghruagáin	ScéimT05-17	Gaelscoil Riabhach, Baile Locha Riach & Naoínra Tigh na Sí, Baile Locha Riach	ScéimT05-37
Áine & Caoimhín Ó Flatharta	ScéimT05-18	Eoghan MacCormaic, Baile Locha Riach	ScéimT05-38
Peadar MacFhlannchadha & Clann, Cnocán Raithní, Maigh Cuilinn	ScéimT05-19	Conradh na Gaeilge, Baile Locha Riach – Eoghan Mac Cormaic.	ScéimT05-39
Caitríona Ní Ghriallais	ScéimT05-20		



